Comhairle Contae Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

# Dréacht Tuarascáil Bhliantúil 2024

# Clár

Réamhfhocal ón Méara ... 3

Réamhfhocal ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ... 5

Misean agus Luachanna ... 8

Eolas faoin gComhairle ... 9

Ár bPríomhsheirbhísí ... 10

Cruinnithe na Comhairle 2024 ... 11

Coistí um Beartais Straitéiseacha ... 12

An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil ... 22

Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2024-2030 ... 23

An Coiste Iniúchóireachta ... 25

An Dualgas maidir leis an gCreat um Chomhionannas agus Chearta an Duine ... 26

Dul chun cinn faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus Reachtaíocht maidir leis an nGaeilge ... 31

Gradaim agus Éachtaí na Comhairle in 2024 ... 32

An Plean Soláthair Seirbhíse 2024 agus an Plean Corparáideach a chur i bhfeidhm ... 34

Aguisíní ... 64

- Aguisín 1.1 Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais (SIFC) ... 64
- Aguisín 1.2: Ráitis Airgeadais ... 70
- Aguisín 1.3 Siamsaíocht agus Costais Ghaolmhara ... 73
- Aguisín 1.4 Bronntanais ar Ghlac an Chomhairle leo ... 73
- Aguisín 2.1 Comhaltaí Tofa ... 74
- Aguisín 2.2 Íocaíochtaí a Rinneadh le Comhairleoirí in 2024 ... 78
- Aguisín 2.3 Ballraíocht na Comhairle ar Choistí agus ar Chomhlachtaí Eile ... 79
- Aguisín 2.4: Oiliúint agus Comhdhálacha ar ar Fhreastail Comhairleoirí in 2024 ... 83
- Aguisín 3 Táscairí an Phlean Chorparáidigh 2020 2024 ... 84
- Aguisín 4: An Fhoireann Ardbhainistíochta 2024 ... 87

# Réamhfhocal ón Méara

Ba onóir speisialta dom freastal mar chéad saoránach ar Bhaile Átha Cliath Theas. Bliain spreagúil agus thairbheach a bhí sa bhliain seo a chuaigh thart, ach thar aon ní eile, ba phribhléid dom é casadh leis an oiread sin daoine iontacha a chabhraíonn le háit ionchuimsitheach agus bheomhar a dhéanamh den chontae seo.

Le linn mo théarma mar Mhéara go dtí seo, bhí deiseanna agam an iliomad tionscadal agus tionscnamh iontach a sheoladh agus tacú leo. I measc na mbuaicphointí domsa bhí Mórshiúl na Féile Pádraig a tháinig ar ais go Tamhlacht, ar éirigh thar cionn leis agus a bhfuil de chumas aige breis dul chun cinn a dhéanamh sna blianta amach romhainn. Buaicphointe eile a bhí in oscailt oifigiúil an Ardáin Thuaidh i Staid Thamhlachta i mí Mheán Fómhair.

Tá Staid Thamhlachta ina lárionad mórimeachtaí spóirt anois; imríonn foireann na bhfear agus foireann na mban de chuid Shamrock Rovers go rialta ann, chomh maith le Foireann Náisiúnta FAI na mBan, agus bíonn raon spórt eile ar siúl ann freisin, mar shampla rugbaí, CLG agus peil Mheiriceánach. Mar thoradh ar an síneadh a rinneadh uirthi le déanaí, tá an staid ina ann imeachtaí mórscála a óstáil anois, ina measc ceolchoirmeacha agus cruinnithe poiblí. Le críochnú an Ardáin Thuaidh agus leis na saoráidí uasghrádaithe, cinntítear go rachaidh an staid ó neart go neart mar phríomhphointe fócais d’imeachtaí spóirt agus pobail. Ba onóir dom a bheith páirteach i nochtadh na forbartha móire seo.

Mar Mhéara, bhí sé de phribhléid agam freisin freastal ar roinnt imeachtaí Plandála Mion-Choillearnaí ar fud Bhaile Átha Cliath Theas, lena n-áirítear Páirc Ghleann na Dothra, Páirc Ghleann an Ghrífín, Páirc Ráth Miontáin, Páirc Chluain Dolcáin agus Páirc Bhaile Mhic Craith. Bhí sé fíor-inspioráideach grúpaí deonacha éagsúla a fheiceáil ag teacht le chéile chun ár dtimpeallacht áitiúil a fheabhsú, chun naisc phobail a neartú agus chun cáilíocht saoil gach cónaitheora a dhéanamh níos fearr. Tá a leithéid de ghníomhú ar son an chomhshaoil faoi stiúir an phobail riachtanach chun dul i ngleic le dúshláin phráinneacha an athraithe aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta atá ag imirt tionchair ar an bpláinéad.

Chomh maith leis sin, bhí sé d’onóir agam freastal ar oscailt agus uasghráduithe páirceanna éagsúla ar fud Bhaile Átha Cliath Theas, lena n-áirítear Páirc na Carraige Móire, Páirc na gCrann Glas agus Páirc Ghleanntáin an Choiréil. Tá ról ríthábhachtach ag páirceanna chun spásanna glasa a chur ar fáil ionas gur féidir le daoine scíth a ligean, dul i mbun fóillíochta agus ceangal sóisialta a chruthú, rudaí a chuireann go mór le folláine ár bpobal. Is iontach an rud é infheistíocht leanúnach a fheiceáil sna spásanna sin a thugann tairbhí ollmhóra do na cónaitheoirí áitiúla.

Ag féachaint chun cinn chuig an gcuid eile de mo théarma in Oifig an Mhéara, táim ag súil leis na tionscnaimh nua atá beartaithe don bhliain agus leis an dúshlán a bhaineann leis na spriocanna uaillmhianacha atá leagtha amach inár bPlean Corparáideach cúig bliana a bhaint amach.

Molaim duit leanúint ar aghaidh de bheith ag obair le Comhairle Contae Átha Cliath Theas trí pháirt a ghlacadh inár bpróisis chomhairliúcháin agus inár dtionscnaimh, a bheith rannpháirteach go gníomhach i do phobail áitiúla agus deiseanna a thapú chun ár gcontae a neartú ó thaobh an ghnó, na turasóireachta agus na hionchuimsitheachta de. Le chéile, is féidir linn ár bhfís do Bhaile Átha Cliath Theas faoi bhláth agus dinimiciúil a bhaint amach.

# Réamhfhocal ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Sa tuarascáil bhliantúil dheireanach faoinár bPlean Corparáideach 2019-2024, feictear dul chun cinn suntasach i bpríomhréimsí soláthair seirbhíse agus i dtionscadail chaipitil, rud a léiríonn forbairt leanúnach ar an gcontae agus sinn ag druidim le bheith tríocha bliain ar an bhfód.

I mí na Samhna, ghlacamar Buiséad Ioncaim le haghaidh 2025 arbh fhiú €391,942,200 de chaiteachas beartaithe é, sin méadú 17.5% ar an mbliain roimhe. Cuireadh Clár Caipitil Trí Bliana nua do 2025 – 2027 faoi bhráid na Comhairle i mí na Nollag, inar moladh infheistíocht €1,746,733,00 i dtithíocht, bonneagar agus saoráidí.

Tugtar forbhreathnú ar roinnt den obair mhór agus de na héachtaí a baineadh amach in 2024 sna nótaí seo a leanas agus tá faisnéis níos mionsonraithe le fáil sna codanna éagsúla den tuarascáil.

Rinneadh dul chun cinn leanúnach faoin bPlean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta (HDAP) agus cuireadh 774 teach sóisialta nua ar fáil, rud a chiallaíonn gur soláthraíodh 1,815 teach sóisialta nuathógtha sa chontae ó cuireadh tús leis an HDAP in 2022, ina measc na forbairtí ag Baile Gadaí agus ag Bóthar Nangair. Chuireamar 210 aonad réadmhaoine ar léas fadtéarmach agus 55 teach ceannaigh inacmhainne ar fáil in 2024, agus rinneamar dul chun cinn maith ar na pleananna le haghaidh breis tithe sóisialta agus inacmhainne. Tá na hárasáin ar cíos de réir costais ag Belgard beagnach tugtha chun críche agus tá an tionscadal comhfhiontair ag Gráinseach Chill Chairbre sa cheathrú céim. Glacadh le Clár Cóiríochta nua don Lucht Siúil agus cuireadh seacht dteach grúpa nua ar fáil ag Cnoc an Fhuaráin.

Rinneamar 1,245 leithdháileadh tithíochta sóisialta nua, lena n-áirítear 267 leithdháileadh do theaghlaigh gan dídean, a chuir laghdú mór ar an líon teaghlach gan dídean sa chontae. Leanamar orainn ag díriú ar dhul i ngleic le folúntas, agus dá bharr sin laghdaíodh an t-achar athligin tithe sóisialta go dtí díreach os cionn 20 seachtain, agus ní raibh ach 95 theach sóisialta folamh ag deireadh na bliana. Dhílsíomar ceithre theach fholmha ag Ardán Mhaolruain agus cheadaíomar 64 dheontas do thithe folmha, 37 díobh atá íoctha go dtí seo.

Cuireadh an Tuarascáil Dhá Bhliain ar an Dul Chun Cinn maidir le cur i gcrích chuspóirí an Phlean Forbartha Contae 2022-2028 faoi bhráid na comhairle i mí na Nollag, chomh maith le huirlis nua ar líne chun faireachán a dhéanamh ar an soláthar tithíochta. Tugadh 5,475 aonad cónaithe chun críche ó tháinig an Plean Forbartha i bhfeidhm agus tá cead pleanála faighte do 12,649 teach eile faoi dheireadh R3 2024. Trí bhonneagar straitéiseach a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le húinéirí talún príobháideacha i gCrios Forbartha Straitéisí (CFS) Chluain Buiríosa, bhíothas in ann forbairt tithíochta mhórscála a dhéanamh; tá 2,196 teach tógtha nó á dtógáil ansin.

Faoin bPlean Gníomhaithe nua ar son na hAeráide a glacadh i mí Feabhra, is iad na feabhsúcháin mheasta ar fhigiúirí bonnlíne 2018 ná 45.5% maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú 43% ar astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa faoi seach, agus thug Ciste an Phobail um

Ghníomhú ar son na hAeráide tacaíocht do phunann de 28 dtionscadal le ciste os cionn €1.1 milliún. Cuireadh tús le cur i bhfeidhm Chrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin, agus rinneamar conradh le comhpháirtí chun stáisiúin luchtaithe a chur ar fáil mar chuid de bhonneagar feithiclí leictreacha. Mhéadaíomar an líon feithiclí leictreacha atá againn agus chuireamar ola glasraí arna chóireáil le hidrigin in áit díosail inár bhfeithiclí móra. Chuireamar 22.5 ciliméadar de lánaí rothar nua agus nuachóirithe ar fáil faoi Chlár Rothaíochta Bhaile Átha Cliath Theas, rinneadh iarfheistiú éifeachtúlachta fuinnimh ar 85 theach sóisialta agus rinneadh uasghrádú ar 1,690 solas poiblí a bhí ann cheana féin go dtí soilse LED.

Glacadh ár bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail nua i mí na Nollag chun forbairt eacnamaíoch agus pobail a threorú sna sé bliana amach romhainn. Príomhchéimeanna a tógadh don fhorbairt eacnamaíoch ab iad críochnú an Lárionaid Nuálaíochta Oibre IQ nua do ghnólachtaí nuathionscanta i gcomhar le tacaíochtaí ón Oifig Fiontair Áitiúil agus an fhorbairt leanúnach ar Pháirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí chun infheistíocht dhúchasach agus infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh agus chun tacú leo. Phróiseálamar 5,178 deontas don Chostas Méadaithe Gnó dar luach os cionn 13.6m chun tacú le gnólachtaí beaga agus meánmhéide, agus chuireamar tús le próiseáil an deontais nua, Cumhachtú, faoi dheireadh na bliana.

Rinneadh uasghráduithe, lena n-áirítear an tArdán Thuaidh nua ag Staid Thamhlachta, agus táthar ar an eolas fúthu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a bhuí lenár gcomhpháirtíochtaí spóirt ann. Rinneamar dul chun cinn ar ár bpleananna don mháistirphlean eacnamaíoch, cultúir agus sóisialta ag an 12ú Loc. Maidir le turasóireacht, cuireadh tús leis an gcéad chéim den fhorbairt ag Club Thine Ifrinn i sléibhte Bhaile Átha Cliath agus cuireadh deis straitéiseach ar fáil nuair a ceannaíodh Teach Leamhcáin i rith na bliana.

Chuir an Fóram um Lánpháirtiú Pobail cruth ar thacaíochtaí agus seirbhísí idirghníomhaireachta do na daoine nua a tháinig isteach sa chontae, agus bunaíodh foireann lánpháirtíochta sa chomhairle. Bhain pobail áitiúla leas as cistiú €2,249,663 faoin gCiste Aitheantais Pobail. Leanamar ar aghaidh de bhreis agus €1.6 mhilliún a chur ar fáil trínár roinn pobail agus chuireamar córas áirithinte ar líne ar fáil do 24 ionad pobail. Soláthraíodh saoráidí pobail nua ag Teach Sagard, Gleann an Smóil, sráidbhaile Chluain Dolcáin, Ráth Cúil agus Baile Gadaí. Leanamar ar aghaidh de Phlean Átha Cliath Theas Gníomhach agus de na cláir Éire Sláintiúil agus Sláintecare a chur i bhfeidhm. Ghlac 124,057 duine páirt i dtionscnaimh spóirt agus phobail faoi stiúir na comhairle.

Leanadh den chlár feabhsúchán sa réimse poiblí agus feabhsúchán ceantair agus rinneadh obair mhór ag Plás Pharthaláin agus ag Halla an Chontae i dTamhlacht, agus ag lárionaid cheantair Chaisleán Thigh Motháin agus Bhaile an Dodaigh. Cuireadh tús le hoibreacha feabhsúcháin i sráidbhaile Leamhcáin freisin. Ghlanamar 11,162 ciliméadar de bhóithre agus bhailíomar 11,034 tona dramhaíola, agus leathnaíodh an clár um scuabadh bóithre chun glanadh cúl-lánaí agus scuabadh raonta rothar leithscartha a chur san áireamh.

Rinneadh 11,632 cigireacht agus, tar éis cistiú breise a chur ar fáil inár mbuiséad, chuimsigh gníomhaíochtaí faoinár gclár trí bliana cothabhála crann suirbhéireacht 9,475 crann, prúnáil 10,927 crann, baint 1,144 crann agus 625 stumpa, agus cur 3,651 crann.

Bailíodh €4.5 milliún breise i bhfoirm rátaí tráchtála, rud a d'fhág gur bailíodh os cionn €145.7 milliún ar an iomlán, an méid is airde a bailíodh riamh agus rud a chuir laghdú os cionn milliúin ar riaráistí, an méid is ísle ó bhí 2008 ann. Chuireamar méadú 12% ar bhailiú cíosanna difreálacha - bailíodh €34.9 milliún agus laghdaíodh riaráistí iasachtaí tithíochta go dtí thart ar €300,000.

Tá an dul chun cinn uile sin ag brath ar thiomantas ár bhfoirne agus leanaimid orainn ag earcú agus ag méadú chun an leibhéal seirbhísí a theastaíonn a mheaitseáil agus ár n-uaillmhian don chontae a bhaint amach. Chuireamar tús le próiseas chun ár bplean straitéiseach don lucht saothair a nuashonrú chun bainistiú réamhghníomhach an lucht saothair atá againn faoi láthair agus a bheidh againn amach anseo a chinntiú, ionas go mbeimid in ann dúshláin straitéiseacha agus riachtanais a bhíonn ag athrú a chomhlíonadh go héifeachtach. Thosaigh 143 ball foirne nua ag obair linn i rith na bliana agus tugadh ardú céime do 82 ball foirne. D'fhág 69 duine chun dul i mbun deiseanna nua agus chuaigh 44 ar scor.

Díol suntais i rith na bliana a bhí sna toghcháin áitiúla agus gné lárnach dár gcuid éachtaí a bhí sa tacaíocht ó chomhairleoirí nua agus ó na comhairleoirí a bhí ann cheana féin. Glacadh Plean Corparáideach nua do 2025 go 2029, rud a thugann ardán dúinn chun cur leis an méid a baineadh amach in 2024, agus cuspóir athnuaite chun deiseanna níos fearr do chách a chur ar fáil agus muid ag iarraidh a bheith mar áit a fhreastalaíonn ar riachtanais agus uaillmhianta gach duine i mBaile Átha Cliath Theas.

# Misean agus Luachanna

An misean atá againn ná áit bheomhar agus ionchuimsitheach a dhéanamh dár gContae
do na daoine a chónaíonn, a oibríonn agus a bhíonn i mbun gnó anseo,
anois agus sa todhchaí freisin.

Tá na luachanna seo a leanas mar threoir d'obair na bhfostaithe agus na gcomhaltaí tofa go léir:

**Seirbhís do chustaiméirí**

Táimid tiomanta do sheirbhís inrochtana, bhéasach, leanúnach, neamhchlaonta agus fhreagrúil a chur ar fáil. Cuirfimid cairt saoránach i bhfeidhm lena n-áirítear córas gearán agus cúitimh chun tacú leis an ngealltanas seo.

**Inbhuanaitheacht**

Feidhmeoimid ar bhealach freagrach agus inbhuanaithe i dtaca le hairgeadas, leis an gcomhshaol, le gnóthaí pobal agus le ceisteanna socheacnamaíocha. Is éard a chiallaíonn inbhuanaitheacht ná freastal ar riachtanais daoine an lae inniu gan dochar a dhéanamh dár gcumas freastal ar riachtanais na nglúnta amach romhainn.

**Ionchuimsitheacht, comhionannas agus inrochtaineacht**

Tabharfaimid tús áite don chuimsiú shóisialta, comhionannas rochtana agus deiseanna, agus riachtanais na ndaoine is leochailí sa tsochaí nuair a dhéanaimid seirbhísí a dhearadh agus a sholáthar.

**Nuálaíocht, cruthaitheacht agus éagsúlacht**

Breathnóimid ar bhealaí nua, cruthaitheacha agus éagsúla le seirbhísí a chur ar fáil agus le fadhbanna a réiteach, agus molfaimid do na daoine, grúpaí agus eagraíochtaí a n-oibrímid leo amhlaidh a dhéanamh.

**Cuntasacht agus follasacht**

Beimid i mbun cumarsáide le daoine go soiléir agus go hoscailte, agus beimid trédhearcach maidir lenár gcinnteoireacht ar fad.

**Luach ar airgead**

Úsáidfimid go héifeachtach ár gcuid acmhainní, agus déanfaimid ár bhfeidhmiú a athbhreithniú agus a mheas ar bhonn leanúnach.

## Eolas faoin gComhairle

Rinne Comhairle Contae Átha Cliath Theas comóradh ar 30 bliain ar an bhfód in 2024, mar bunaíodh í Dé Sathairn, an 1 Eanáir 1994. Oibríonn an chomhairle i limistéar 223 ciliméadar cearnach agus tá an contae faoi theorainn chathair Bhaile Átha Cliath soir ó thuaidh, Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus Contae Chill Mhantáin ó dheas, Abhainn na Life ó thuaidh agus í á scaradh ó Fhine Gall agus Contae Chill Dara ag dul siar.

Tá daonra 301,075 sa chontae anois ag cur fúthu in 106,074 teach cónaithe de réir thorthaí dhaonáireamh 2022, ag léiriú méadú 8% ar an daonra ón daonáireamh roimhe sin in 2016.

Tá 40 Comhalta Tofa ar an gComhairle atá scaipthe ar fud seacht dtoghcheantar. Is iad na comhaltaí a thoghann an Méara gach bliain ag an gcruinniú bliantúil i mí an Mheithimh. Tar éis na dToghchán Áitiúil agus an Olltoghcháin in 2024, ba í Comhairle Contae Átha Cliath Theas an chéad chomhairle in Éirinn a bhain paireacht inscne amach, agus a sháraigh í, nuair a toghadh 21 comhairleoir ban in 2024. In éineacht leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh, déanann sé Choiste um Beartas Straitéiseach beartas a fhorbairt agus a mholadh don Chomhairle. Tá Comhaltaí Tofa agus ionadaithe ó na hearnálacha gnó, feirmeoireachta, comhshaoil, pobail agus ceardchumainn ar na coistí.

# Ár bPríomhsheirbhísí

**Forbairt eacnamaíochta, fiontair agus turasóireachta**

- Forbairt eacnamaíoch agus cur chun cinn an chontae ó thaobh na hinfheistíochta de
- Forbairt agus tacaíochtaí fiontair
- Bainistiú sócmhainní
- Seirbhísí leabharlainne, oifig na n-ealaíon agus bonneagar cultúrtha
- Cur chun cinn an Chontae agus forbairt turasóireachta

**Talamhúsáid, pleanáil agus iompar**

- Bainistiú Forbartha
- Réamhphleanáil
- Tógáil agus cothabháil bóithre
- Bainistiú tráchta
- Soilsiú poiblí
- Rialú tógála
- Cur chun cinn na hoidhreachta agus an chaomhantais

**Forbairt tithíochta, shóisialta agus phobail**

- Clár tithíochta sóisialta
- Leithdháiltí, cothabháil agus athchóiriú tithíochta
- Seirbhísí sóisialta, bainistiú eastát agus forbairt phobail
- Tionscnaimh aoisbháúla agus cuimsithe shóisialta
- Cláir spóirt agus tionscnaimh sláinte agus folláine

**An comhshaol, uisce agus athrú aeráide**

- Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó
- Bainistiú móréigeandála
- Dramhaíl agus forfheidhmiú
- Seirbhísí uisce agus draenála
- Seirbhísí tréidliachta
- Bainistiú agus cothabháil an réimse phoiblí

**Cumas eagraíochtúil agus cuntasacht**

- Seirbhísí corparáideacha
- Bainistiú acmhainní daonna
- Bainistiú airgeadais
- Teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide
- Seirbhísí ailtireachta
- Seirbhísí dlí

## Cruinnithe na Comhairle 2024

Bhí 86 cruinniú den Chomhairle iomlán, den Choiste um Eagrú, Nós Imeachta agus Airgeadas, den Ghrúpa Beartais Chorparáidigh (CPG) agus de na Coistí Ceantair ag a raibh:

- 10 gCruinniú den Chomhairle Contae
- An chéad chruinniú den Chomhairle tar éis na dtoghchán áitiúil
- 2 Chruinniú Speisialta den Chomhairle Contae
- Cruinniú amháin maidir leis an mBuiséad Bliantúil
- Sé Chruinniú den Choiste um Eagrú, Nós Imeachta agus Airgeadas (lena n-áirítear 1 Chruinniú Speisialta ar Bhuiséad)
- 10 gcruinniú den Ghrúpa Beartais Chorparáidigh

Bhuail na ceithre Choiste Ceantair le chéile:

- 8 gcruinniú i Ráth Fearnáin/Teach Mealóg/Teach na Giúise-Bóthar na Bruíne
- 8 gcruinniú i gCluain Dolcáin, sa Chaisleán Nua, Ráth Cúil, Teach Sagard/sa Bhriotás
- 8 gcruinniú i Leamhcán/Baile Phámar/Cluain Dolcáin Thuaidh
- 8 gcruinniú den Choiste Ceantair i dTamhlacht

Ina theannta sin:

- Bhí 18 gcruinniú thar na sé Choiste um Beartais Straitéiseacha
- Bhí 2 chruinniú den Chomhchoiste Póilíneachta
- Bhí 3 chruinniú den Choiste Iniúchóireachta

**Daoine a chuaigh ar scor**

Tar éis 33 bliana de sheirbhís do Bhaile Átha Cliath Theas, chuir na Comhairleoirí Guss O'Connell agus Charlie O'Connor in iúl nach lorgóidís atoghadh sna toghcháin áitiúla i mí an Mheithimh. D'fhóin Guss O'Connell ina Chomhairleoir Neamhspleách ó 1991 go dtí 2024. Toghadh Charlie O'Connor don Chomhairle i 1991 freisin agus toghadh é do Dháil Éireann in 2002 agus atoghadh é in 2007 sular fhill sé ar an gComhairle.

# Coistí um Beartais Straitéiseacha

Ceann d'fheidhmeanna an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh (CBS) ná moltaí a dhéanamh maidir le gnó a leithdháileadh idir coistí um beartais straitéiseacha agus a leithéid de ghnó a chomhordú go ginearálta. Anseo thíos tá ballraíocht gach CBS in 2024, a gcláir oibre agus a bpleananna oibre comhaontaithe.

## CBS um na hEalaíona, Cultúr, An Ghaeilge, Oidhreacht agus Leabharlanna

Cathaoirleach roimh na Toghcháin Áitiúla in 2024: An Comh. Guss O'Connell

Cathaoirleach tar éis na dToghchán Áitiúil in 2024: An Comh. Louise Dunne

Stiúrthóir: Jason Frehill

**Comhaltacht Eanáir – Bealtaine 2024**

**Comhaltaí na Comhairle**

Gus O'Connell (Neamhspleách) (Cathaoirleach)

Mick Duff (Neamhspleách)

Kenneth Egan (Fine Gael)

Alan Hayes (Neamhspleách)

Mark Lynch (An Páirtí Glas)

Terea Costello (Fianna Fáil)

**Comhaltaí Earnála**

Freda Manweiler Uasal – Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

Elaine Vince-O'Hara Uasal – Bord Oideachais agus Oiliúna (ETB)

**Comhaltacht Meitheamh 2024 – Nollaig 2024**

**Comhaltaí na Comhairle**

Louise Dunne (Sinn Féin) (Cathaoirleach)

Darragh Adelaide (Pobal Roimh Bhrabús)

Sarah Barnes (Fine Gael)

Dean Donnelly (Neamhspleách)

Glen Moore (Irish Freedom Party)

Eoin Ó Broin (Daonlathaigh Shóisialta)

**Comhaltaí Earnála**

Emma Kennedy – Gnó, Tráchtáil

Noel Gavin - Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

Yemi Ojo - Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

**CLÁR OIBRE 2024**

- Cur i bhfeidhm an Phlean Forbartha Leabharlainne
- Leabharlanna Bhaile Adaim agus Bhaile Átha Cliath Thiar - Pleananna don todhchaí agus uasdátuithe ar thionscadail
- Ról Éire Ildánach, Cruinniú na nÓg, Music Generation, etc. i bhforbairt na n-ealaíon agus an chultúir sa Chontae
- Tuarascálacha agus Uasdátuithe an Choiste Stiúrtha um Ealaín Phoiblí
- Forbairt agus Cur Chun Cinn Cheathrú Chultúir Thamhlachta
- Tacú le ról agus forbairt Rua Red agus Amharclann an Phobail
- Ionad Oidhreachta Thamhlachta - Pleananna don todhchaí agus uasdátuithe ar thionscadail
- Cur i bhfeidhm an Phlean Oidhreachta Contae nó aon Phlean eile (a thiocfadh ina áit)
- An fochoiste don Ghaeilge
- Cur i bhfeidhm na Straitéise Forbartha Ealaíon ReFrame 2022-2026
- Cruinnithe/ceardlanna le CBSanna eile faoi théamaí comhroinnte.

## CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontair agus Turasóireachta

Cathaoirleach roimh na Toghcháin Áitiúla in 2024: An Comh. Cathal King

Cathaoirleach tar éis na dToghchán Áitiúil in 2024: An Comh. Vicki Casserly

Stiúrthóir: Jason Frehill

**Comhaltacht Eanáir – Bealtaine 2024**

**Comhaltaí na Comhairle**

Cathal King (Sinn Féin) – (Cathaoirleach)

Lynn McCrave (Fine Gael)

Ronan McMahon (Neamhspleách)

Leah Whelan (Dlúthpháirtíocht)

Ed O'Brien (Fianna Fáil)

Louise Dunne (Sinn Féin)

Liona O'Toole (Neamhspleách)

Pamela Kearns (Lucht Oibre)

**Comhaltaí Earnála**

Jack McDonnell - TUD Tamhlacht

Michael Noonan - PPN

Sherri Brennan - Comhlachas Gnó Tráchtála

**Comhaltacht Meitheamh 2024 – Nollaig 2024**

**Comhaltaí na Comhairle**

Vicki Casserly (Fine Gael) (Cathaoirleach)

Shane Moynihan (Fianna Fáil) – Tofa don 34ú Dáil an 29 Samhain

Justin Sinnott (Daonlathaigh Shóisialta)

Ronan McMahon (Neamhspleách)

Shirley O'Hara (Fine Gael)

Pamela Kearns (Lucht Oibre)

Paddy Holohan (Neamhspleách)

Liona O'Toole (Neamhspleách)

**Comhaltaí Earnála**

Simon Van Lonkhuyzen – Gnó, Tráchtáil (thar lear)

Harry Simpson – Gnó, Tráchtáil (dúchasach)

Betty Tyrrell-Collard - Ceardchumann

Lisa Rowntree – Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

Praslachan Shuncála – Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

An Dr Miriam O'Donoghue – TUD Thamhlachta

**CLÁR OIBRE 2024**

- Cur i bhfeidhm Phlean Forbartha na hOifige Fiontair Áitiúil 2021 – 2024
- Caisleán na Gráinsí – Forbairt sa todhchaí, máistirphlean, margaíocht agus rannchuidiú le Forbairt Gheilleagrach an Chontae
- An tIonad Oidhreachta - Pleananna don todhchaí agus uasdátuithe ar oibriúchán
- Oifig Fiontair Áitiúil - Staidéir Indéantachta agus Deontais a Chabhróidh le Túsghníomhaíochtaí
- Athbhreithniú ar an gCiste Tacaíochta Gnó chun aghaidh a thabhairt ar dheiseanna sa Gheilleagar Oíche
- Tionscnaimh don 12ú Loc agus d'Ionaid Mhicrifhiontair - Pleananna don todhchaí agus uasdátuithe ar thionscadail
- Cur i bhfeidhm Straitéis Turasóireacht Chomhairle Contae Átha Cliath Theas 2024 - 2029, lena n-áirítear tionscadail turasóireachta ag Sléibhte Bhaile Átha Cliath, Clóis Chaisleán Ráth Fearnáin agus Teach Leamhcáin, etc.
- Staid Thamhlachta a fhorbairt agus níos mó úsáide a bhaint aisti
- An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a ullmhú agus a chur i bhfeidhm
- Straitéis Eacnamaíochta an Chontae a ullmhú
- Cruinnithe/ceardlanna le CBSanna eile faoi bheartais leathana

## CBS um Thalamhúsáid, Pleanáil agus Iompar

Cathaoirleach roimh na Toghcháin Áitiúla in 2024: An Comh. Lynn Hagin Meade

Cathaoirleach tar éis na dToghchán Áitiúil in 2024: An Comh. Teresa Costello

Stiúrthóir: Mick Mulhern/Mick McAdam

**Comhaltacht Eanáir – Bealtaine 2024**

**Comhaltaí na Comhairle**

Lyn Hagin Meade (An Páirtí Glas) (Cathaoirleach)

Paul Gogarty (Neamhspleách)

Derren Ó Brádaigh (Sinn Féin)

Baby Pereppadan (Fine Gael)

Eoin Ó Broin (Neamhspleách)

Yvonne Collins (Fianna Fáil)

**Comhaltaí Earnála**

Eoin Ahern - PPN

**Comhaltacht Meitheamh 2024 – Nollaig 2024**

**Comhaltaí na Comhairle**

Teresa Costello (Fianna Fáil) (Cathaoirleach)

David McManus (Fine Gael)

Ciarán Ahern (Lucht Oibre) – Tofa don 34ú Dáil an 29 Samhain

Niamh Fennell (Sinn Féin)

Paul Gogarty (Neamhspleách) – Tofa don 34ú Dáil an 29 Samhain

Jess Spear (Pobal Roimh Bhrabús)

**Comhaltaí Earnála**

Fergus Sharp – Gnó, Tráchtáil

Sean O'Neill – Forbairt, Tógáil

Eoin Ahern – Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

An tUas. Freda Manweiler - Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

**CLÁR OIBRE 2024**

- Plean Forbartha an Chontae – Uasdátú ar an Leagan Éagsúil, City Edge
- Plean Forbartha an Chontae – Uasdátú ar an bhfaireachán ar Phlean Forbartha An Chontae agus ar an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta a glacadh
- 'An Ceart chun Solais' mínithe
- Ceart Slí Poiblí (díospóireacht faoi chearta slí nua a shainaithint)
- Uasdátú ar Phlean Ceantair Áitiúil Chluain Dolcáin
- Uasdátú ar an Scéim do Ranníocaíocht Forbartha
- Athbhreithniú ar an bPlean Oidhreachta
- Uasdátú ar an bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht
- Uasdátú ar an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024

## CBS um Chomhshaol, an Réimse Poiblí agus Athrú Aeráide

Cathaoirleach roimh na Toghcháin Áitiúla in 2024: An Comh. David Manus

Cathaoirleach tar éis na dToghchán Áitiúil in 2024: Brian Lawlor

Stiúrthóir: Teresa Walsh

**Comhaltacht Eanáir – Bealtaine 2024**

**Comhaltaí na Comhairle**

David McManus (Fine Gael) - Cathaoirleach

Emma Murphy (Fianna Fáil)

Dermot Richardson (Sinn Féin)

Madeleine Johansson (Dlúthpháirtíocht)

Francis Timmons (Neamhspleách)

Alan Edge (Neamhspleách)

Vanessa Mulhall (An Páirtí Glas)

**Comhaltaí Earnála**

John Kiberd - Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

Deirdre Mooney - Gnó, Tráchtáil

Donnie Andersen - Talmhaíocht agus Feirmeoireacht

**Comhaltacht Meitheamh – Nollaig 2024**

**Comhaltaí na Comhairle**

Brian Lawlor (Fine Gael) (Cathaoirleach)

Linda de Courcy (Independent Ireland)

Trevor Gilligan (Fianna Fáil)

Róisín Mannion (Sinn Féin)

Lynn McCrave (Fine Gael)

Dermot Richardson (Neamhspleách)

Francis Timmons (Neamhspleách)

**Comhaltaí Earnála**

Peter Lantry – Gnó, Tráchtáil

Benedict Chukwurah - Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

**CLÁR OIBRE 2024**

- Cur i bhfeidhm Straitéis na bPáirceanna Spóirt (Clár an Phailliúin)
- Clár oibreacha um Fhorfheidhmiú Dramhaíola lena n-áirítear Tosaíochtaí WERLA
- Plean nua Bainistíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach
- Tuarascáil ón Oifig Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola
- An Geilleagar Ciorclach agus Gníomhaíochtaí Feasachta Comhshaoil
- Dréacht Athbhreithnithe ar Fhodhlíthe Corrthrádála
- Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 – Plean Forfheidhmithe
- Tionscadal LIFE Aibhneacha Uirbeacha Bhaile Átha Cliath
- Ciste an Phobail um Ghníomhú ar son na hAeráide (CCAF)
- Straitéis Luchtaithe FL an Údaráis Áitiúil
- An Straitéis Reiligí
- Crios Dícharbónaithe (Cluain Dolcáin)
- Uasdátú ar an tionscadal DeliveREE
- Plean Gníomhaíochta um Thorann Comhshaoil 2023 – 2027

## CBS um Thithíocht

Cathaoirleach roimh na Toghcháin Áitiúla in 2024: An Comh. Charlie O' Connor

Cathaoirleach tar éis na dToghchán Áitiúil in 2024: An Comh. Mick Duff

Stiúrthóir: Elaine Leech

**Comhaltacht Eanáir – Bealtaine 2024**

**Comhaltaí na Comhairle**

Charlie O'Connor (Fianna Fáil) - Cathaoirleach

Laura Donaghy (An Páirtí Glas)

Kieran Mahon (Dlúthpháirtíocht)

Joanna Tuffy (Lucht Oibre)

Shane Moynihan (Fianna Fáil)

William Carey (Sinn Féin)

Brian Lawlor (Fine Gael)

**Comhaltaí Earnála**

Betty Tyrrell-Collard - Ceardchumann

Sharon Harty Uasal - Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

Gerry Stockil - Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

**Comhaltacht Meitheamh 2024 – Nollaig 2024**

**Comhaltaí na Comhairle**

Mick Duff (Neamhspleách) (Cathaoirleach)

Caroline Brady (Fine Gael)

William Carey (Sinn Féin)

Yvonne Collins (Fianna Fáil)

Madeline Johansson (Pobal Roimh Bhrabús)

Joanna Tuffy (Lucht Oibre)

Britto Pereppadan (Fine Gael)

**Comhaltaí Earnála**

Betty Tyrrell-Collard - Ceardchumann

Motuba Misori – Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) (Cuimsiú Sóisialta)

Krystyna Zalewska - Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) (Pobal)

Isabelle Gallagher – Forbairt, Tógáil

**CLÁR OIBRE 2024**

- Cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta
- Tithíocht Inacmhainne agus Scéimeanna Costais Cíosa lena n-áirítear incháilitheacht agus leithdháileadh
- Leithdháiltí agus Riachtanas Tithíochta lena n-áirítear athbhreithniú ar an Scéim Leithdháilte
- Clár Cóiríochta don Lucht Siúil
- Cláir um Iarfheistiú Fuinnimh, Cothabháil Bheartaithe agus Folúis

- Straitéis Rannpháirtíochta Tionóntaí
- Cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022-2027
- An Straitéis Iompair Fhrithshóisialta/Sábháilteachta Pobail
- Scéimeanna um Thithe Folmha
- Cumarsáid, Sonraí agus Córais Tithíochta

## CBS Sóisialta, Pobail agus Comhionannais

Cathaoirleach roimh na Toghcháin Áitiúla in 2024: An Comh. Trevor Gilligan

Cathaoirleach tar éis na dToghchán Áitiúil in 2024: An Comh. Emma Murphy

Stiúrthóir: Elaine Leech

**Comhaltacht Eanáir – Bealtaine 2024**

**Comhaltaí na Comhairle**

Trevor Gilligan (Fianna Fáil) (Cathaoirleach)

Paddy Holohan (Sinn Féin)

Vicki Casserly (Fine Gael)

Shirley O'Hara (Fine Gael)

Lilian Guéret (Fianna Fáil)

Justin Sinnott (Daonlathaigh Shóisialta)

**Comhaltaí Earnála**

Lynn Byrne - Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

Daire Hennessy - Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

## CBS Sóisialta, Pobail, Comhionannais agus Lánpháirtithe

**Comhaltacht Meitheamh 2024 – Nollaig 2024**

**Comhaltaí na Comhairle**

Emma Murphy (Fianna Fáil) (Cathaoirleach)

Niamh Whelan (Sinn Féin)

Kay Keane (Pobal Roimh Bhrabús)

Alan Edge (Neamhspleách)

Alan Hayes (Neamhspleách)

Baby Pereppadan (Fine Gael)

**Comhaltaí Earnála**

Emily Smart - Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

Daire Hennessy - Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

Noel Gavin – Gnó, Tráchtáil

**CLÁR OIBRE 2024**

- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail
- Baile Átha Cliath Theas Gníomhach, Plean Áitiúil Spóirt a chur i bhfeidhm
- Áiseanna Fóillíochta agus Pobail - Clár Caipitil, Straitéis agus Rialachas
- Deontais Phobail agus Spóirt
- Forbairt Phobail lena n-áirítear Cuimsiú Sóisialta, Straitéis Lánpháirtithe
- agus Tionscnaimh Sláinte agus Folláine
- An Straitéis Aoisbháúil lena n-áirítear an Scéim Phíolótach, Pobal a Chuimsíonn Daoine le Néaltrú
- Tionscnamh na Sráideanna Súgartha
- Gradaim do Dhianiarracht sa Phobal 2024

# An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

**Cathaoirleach:** Tricia Nolan – Ionad Oibrithe Deonacha Bhaile Átha Cliath Theas

**Leas-Chathaoirleach:** Valerie Hogg – Oifigeach Oideachais Daoine Fásta, Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

| **Ballraíocht CFPÁ Chontae Átha Cliath Theas**<br><br>**Edel Clancy – Príomhoifigeach, CFPÁ Chontae Átha Cliath Theas**<br>**Maria Nugent, Comhordaitheoir CFPÁ** | | |
|---|---|---|
| **Earnáil** | **Ainm** | **Eagraíocht** |
| **Poiblí – Leasanna Reachtúla (8)** | | |
| Údarás Áitiúil | **Elaine Leech** | Stiúrthóir Seirbhísí, CCÁCT |
| | **Thomas Rooney** | Oifig Fiontair Áitiúil |
| | **An Comh. Yvonne Collins** | Ionadaí Tofa |
| | **An Comh. Sarah Barnes** | Ionadaí Tofa |
| | **An Comh. Alan Hayes** | Ionadaí Tofa |
| Gníomhaireachtaí Reachtúla (2 ar a laghad) | **Margaret McQuillan** | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| | **Eugene Donnelly** | An Roinn Coimirce Sóisialaí |
| | **Valerie Hogg – Leas-Chathaoirleach** | Oifigeach Oideachais Daoine Fásta, Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire |
| **Príobháideach – Leasanna Neamhreachtúla (11)** | | |
| Forbairt Áitiúil agus Pobail | **Simon Monds** | Páirtíocht Chontae Átha Cliath Theas |
| Leasanna Sochaí Sibhialta/Pobail Áitiúil | **Tricia Nolan, Cathaoirleach** | Ionad Oibrithe Deonacha Chontae Átha Cliath Theas |
| | **Andy Leeson** | Foróige |
| | **An Dr Noel McCarthy** | Ionadaí Pobail |
| | **Helena Fitzgerald** | Ionadaí Pobail |
| | Folúntas | Ionadaí Pobail |
| Colún Comhshaoil | Folúntas | Colún Comhshaoil an Líonra Rannpháirtíochta Pobail |
| Colún Pobail agus Deonach | **John Conroy** | Líonra Rannpháirtíochta Pobail - Colún Pobail |
| | **Sean Farrell** | Líonra Rannpháirtíochta Pobail - Colún Pobail |
| Colún um Chuimsiú Sóisialta | **Sharon Harty** | Colún um Chuimsiú Sóisialta an Líonra Rannpháirtíochta Pobail |
| | **Noreen Byrne** | Colún um Chuimsiú Sóisialta an Líonra Rannpháirtíochta Pobail |

## Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2024-2030

Is straitéis chomhtháite é an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) a threoróidh forbairt eacnamaíoch agus pobail ar fud Chontae Bhaile Átha Cliath Theas sna sé bliana amach romhainn.

D'ullmhaigh Comhairle Contae Átha Cliath Theas, an Coiste um Beartais Straitéiseacha CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontair agus Turasóireachta (CBS) agus an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) an plean le chéile. Léiríonn an plean comhairliúchán fairsing le pobail, gnólachtaí, soláthróirí oideachais agus oiliúna, gníomhaireachtaí rialtais agus príomhpháirtithe leasmhara ar fud an réigiúin.

Chuir CFPÁ Chontae Átha Cliath Theas an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2024–2030 faoi bhráid na Comhairle an 9 Nollaig 2024.

Tugtar breac-chuntas sa phlean ar:

- 6 Sprioc Ardleibhéil
- 120 Gníomh Spriocdhírithe

Sainaithnítear spriocanna ardleibhéil mar seo a leanas:

1. Contae Bhaile Átha Cliath Theas a bheith ina áit níos fearr chun cónaí agus oibriú ann.
2. Folláine choirp agus meabhairshláinte na ndaoine a chónaíonn agus a oibríonn i mBaile Átha Cliath Theas a fheabhsú.
3. Rochtain ar oideachas, uas-sciliú agus foghlaim ar feadh an tsaoil a mhéadú chun freastal tuilleadh ar riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha cónaitheoirí agus fostóirí anois, agus amach anseo.
4. Cothroime, comhoibriú agus an nuálaíocht a bheith i gcroílár an aistrithe a dhéanfaidh Baile Átha Cliath Theas le bheith ina chontae ísealcharbóin.
5. Cumhacht a thabhairt do phobail trí thionscnaimh chliste agus forbairt scileanna chun go mbeidh a gceantair ina gceantair níos fearr le cónaí iontu, le hoibriú iontu agus le cuairt a thabhairt orthu.
6. An tsochaí laistigh de Chontae Átha Cliath Theas a bheith níos ionchuimsithí, níos cothroime agus níos fáiltí i dtaobh na héagsúlachta

Cuirfear tús le plean cur chun feidhme dhá bhliain in 2025 agus cuirfear tuairisc ar an dul chun cinn faoi bhráid an CFPÁ faoi dhó sa bhliain.

### An Clár Feabhsúcháin Áitiúil (CFÁ), Cistiú 2025

An Clár Feabhsúcháin Áitiúil (CFÁ), Cistiú 2024, a sheol an Roinn an 6 Nollaig 2023.

Leithdháileadh an méid a leanas ar CFPÁ Chontae Átha Cliath Theas:

- Cistiú caipitil €254,979.91 don Chlár Feabhsúcháin Áitiúil le húsáid chun deisiúcháin agus feabhsúcháin riachtanacha a dhéanamh ar áiseanna, tionscadail a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh, trealamh a cheannach, etc.
- Cuireadh cistiú caipitil €50,995.98 ar leataobh do Ghrúpaí Ban.

Fuarthas líon iomlán de 47 iarratas ar dheontais.

D'eisigh an tAire preaseisiúint chun na deontais a bronnadh orthu a chur in iúl do na hiarratasóirí ar éirigh leo i mí Aibreáin 2024.

### An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) 2024–2028

Cuireadh tús leis an gclár SICAP 2024–2028 i mí Eanáir 2024, agus é ag leanúint dá ról ríthábhachtach chun dul i ngleic le heisiamh sóisialta agus tacú le pobail ar fud Chontae Átha Cliath Theas.

Tar éis comórtas tairisceana oscailte, bronnadh an conradh chun an clár a chur i bhfeidhm ar fud an chontae ar Pháirtíocht Chontae Átha Cliath Theas CTR.

Mar chuid dá chreat rialachais agus cuntasachta, tugann Páirtíocht Chontae Átha Cliath Theas tuairiscí rialta ar ghníomhaíochtaí agus torthaí SICAP ag gach cruinniú den Choiste Forbartha Pobail Áitiúil.

## An Coiste Iniúchóireachta

Thionóil an Coiste Iniúchóireachta 2019-2024 a chruinniú deireanach i mí na Bealtaine 2024. Mar seo a leanas an comhaltacht:

An Comhairleoir Teresa Costello

An Comhairleoir David McManus

An Comhairleoir Guss O'Connell

George Kennington, Iniúchadh is Comhpháirtí, Crowe (Cathaoirleach)

Ann Horan, Cathaoirleach Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

Martin Nolan, Ceann Comhlíontachta, Bright Software Group

Eilís Quinlan, Quinlan and Co Chartered Accountants.

Tar éis na dtoghchán áitiúil, cuireadh Coiste Iniúchóireachta nua ar bun ar feadh théarma na Comhairle nua. Is mar seo a leanas comhaltacht an Choiste Iniúchóireachta 2024-2029:

An Comh. Caroline Brady

An Comh. Niamh Fennell

An Comh. Joanna Tuffy

Ann Horan, Cathaoirleach Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (Cathaoirleach)

Martin Nolan, (Cathaoirleach) Ceann Comhlíontachta, Bright Software Group

George Kennington, Iniúchadh is Comhpháirtí, Crowe Ireland

Eilís Quinlan, Quinlan & Co Chartered Accountants

I measc na dtuarascálacha a breithníodh in 2024 bhí Tuarascáil an Choimisiúin Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht (NOAC) ar Tháscairí Feidhmíochta 2023 agus anailís ar fheidhmíocht CCÁCT sa chomhthéacs sin, agus na Tuarascálacha na Seirbhíse Iniúchta Rialtais Áitiúil maidir le Luach ar Airgead a foilsíodh in 2024 agus a bhain le Forbhreathnú ar Athbhreithnithe ar Rátaí in Údaráis Áitiúla, Bainistiú Fiachas maidir le Bailiúcháin in Údaráis Áitiúla agus Forbhreathnú ar an gClár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh.

## An Dualgas maidir leis an gCreat um Chomhionannas agus Chearta an Duine

Lean Comhairle Contae Átha Cliath Theas ag cur i bhfeidhm an Chreata um Chomhionannas agus Chearta an Duine, a forbraíodh le linn 2022. Comhlíontar leis sin gealltanas na Comhairle faoin bPlean Corparáideach agus an ceanglas dlíthiúil faoi Alt 42 (Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí), den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Leagtar amach sa 'Dualgas' na freagrachtaí atá ar gach comhlacht poiblí in Éirinn comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna a gcuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhísí agus aon duine a ndéanann a mbeartais agus a bpleananna difear dóibh a chosaint.

Tugann Grúpa Oibre um Chomhionannas agus Cearta Daonna tras-rannach na Comhairle treoir agus tacaíocht agus déanann sé faireachán ar chur i bhfeidhm an Dualgais maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí. Tá leathanaigh eolais maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí ar fáil ar inlíon na Foirne agus ar shuíomh gréasáin na Comhairle www.sdcc.ie

**Is samplaí iad na gníomhaíochtaí seo a leanas a rinneadh in 2024 den chaoi a bhfuil CCÁCT ag cur Dualgas na hEarnála Poiblí i bhfeidhm ar fud na Comhairle:**

**Plean Gníomhaithe don Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí:**

Foilsíodh ár bPlean Gníomhaithe don Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí 2024 chomh maith le plean cur chun feidhme, agus tá sé le fáil ar www.sdcc.ie. Aithnímid an gá le comhionannas deiseanna a chur chun cinn, deireadh a chur le hidirdhealú agus dínit agus cearta an duine a chosaint do bhaill foirne, Comhairleoirí agus custaiméirí araon. Tá oibleagáid dhlíthiúil dá ndéantar foráil san Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 mar bhonn ag an ngealltanas seo. Sa phlean seo, sainaithnítear príomh-amanna agus príomhghníomhartha chun cur chun feidhme leanúnach an dualgais seo a chinntiú, agus tugtar téarmaí tagartha dár ngrúpa oibre trasroinne a bunaíodh chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme.

**Plean Corparáideach 2025-2029**

Leis an Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí, aithnítear an gá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint d'úsáideoirí seirbhísí, baill foirne, comhaltaí agus tairbhithe beartais. Díríodh go lárnach ar ár n-uaillmhianta maidir leis an Dualgas agus lena chomhlíonadh ag gach céim d'ullmhú, de chomhairliúchán agus de dhréachtú an Phlean Chorparáidigh 2025-2029 agus cuirfear i bhfeidhm é trínár bhfeidhmeanna uile.

**Do Vóta - Do Ghuth**

Bhí leabhrán Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, “Do Vóta Do Ghuth - treoir sholéite maidir le vótáil” ar fáil ar ár gcainéil dhigiteacha agus i bhfoirm chlóite inár leabharlanna áitiúla. Foilsíodh an leabhrán roimh na toghcháin áitiúla agus an olltoghchán, agus is é is aidhm don leabhrán faisnéis a thabhairt ar conas do cheart vótála a chur i bhfeidhm, amhail faisnéis ar na cineálacha éagsúla toghchán agus vótála a tharlaíonn in Éirinn agus conas clárú chun do vóta a chaitheamh. Is gníomh arna chur ar fáil faoin gCreat um an Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí é an leabhrán.

**An Fóram um Lánpháirtiú Pobail:**

Ó tugadh isteach Foirne Lánpháirtíochta Údarás Áitiúil buana i CCÁCT, tá ról tábhachtach le himirt ag earnáil an rialtais áitiúil maidir le lánpháirtiú na ngrúpaí daoine seo a leanas:

- Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta (Iarratasóirí IP)
- Daoine a bhfuil stádas Dídeanaí, Cosanta Coimhdí nó Cead chun Fanacht acu
- Dídeanaithe Cláir
- Tairbhithe de Chosaint Shealadach (BOTP)

D’éirigh leis an bhFóram Freagartha Pobail páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile chun tacú le Tairbhithe de Chosaint Shealadach sa chontae. Le tabhairt isteach na Foirne Lánpháirtíochta Údarás Áitiúil, sínfear tacaíochtaí lánpháirtíochta chuig iarratasóirí IP agus daoine i gClár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint (IRPP), agus tugtar An Fóram um Lánpháirtiú Pobail ar an bhFóram Freagartha Pobail anois. Príomhpháirtí leasmhar a bheidh sa Chomhordaitheoir Tacaíochta Lánpháirtíochta agus úsáidfidh sé/sí an fóram seo chun teagmháil agus cumarsáid a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara go léir agus chun príomh-shaincheisteanna a chur ar aghaidh, de réir mar is gá.

**Sparánacht d’Ealaíontóirí um Chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht**

In 2024, bhronn an Oifig Ealaíon an chéad sparánacht d’ealaíontóirí um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht ar Newton Barabara, scannánóir agus amharclannóir as an Nigéir, a tháinig go hÉirinn i mí Feabhra 2023 agus cosaint idirnáisiúnta á lorg aige. Trí chomhpháirtíocht idir an Oifig Ealaíon, Amharclann na Mainistreach agus Mol Idirthurais Iarthar na Cathrach, rinne Newton clár ceardlann 12 seachtaine le cónaitheoirí an Mhoil Idirthurais, agus cuireadh Halfway to Heaven ar an stáitse ag deireadh an chláir. Is clár é Amharclanníocht Newton don Fhorbairt a úsáideann drámaíocht agus scéalaíocht mar uirlis chlaochlaithe chun daoine a chumhachtú agus pobail a fhorbairt.

**Sanctuary Runners**

Chuaigh Baile Átha Cliath Theas Gníomhach i gcomhpháirtíocht le FSS agus d’eagraigh siad bus seachtainiúil chun cónaitheoirí i Mol Iarthar na Cathrach a thabhairt go Páirc Ghleann na Dothra don parkrun, a tharlaíonn sa pháirc gach maidin Sathairn. Chuaigh siad i gcomhpháirtíocht le comhghleacaithe i Seirbhísí Leabharlainne Átha Cliath Theas chun bailiúchán coisbheart agus éadaí spóirt a eagrú chun tacú le Sanctuary Runners, an grúpa deonach a eagraíonn imeachtaí

reathaíochta d'iarratasóirí IP agus Tairbhithe de Chosaint Shealadach. Is tionscnamh é Sanctuary Runners a léiríonn dlúthpháirtíocht trí spórt, agus a úsáideann reathaíocht, bogshodar agus siúl chun iarrthóirí tearmainn, dídeanaithe, imircigh agus cónaitheoirí uile na hÉireann a thabhairt le chéile.

**Ceiliúradh idirchultúrtha**

Reáchtálfaidh an Fhoireann Lánpháirtíochta Ceiliúradh Idirchultúrtha an 11 Nollaig sa Chaifé Aon Scéal, Sráidbhaile Thamhlachta agus sa Spás don Phobal, The Well. San áireamh sa cheiliúradh beidh ceardlanna do leanaí atá faoi Chosaint Idirnáisiúnta faoi láthair agus dá dtuismitheoirí, chomh maith le léirithe ceoil agus damhsa. Is é is aidhm don cheiliúradh deireadh bliana seo an pobal áitiúil a nascadh leis na hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a chónaíonn sa cheantar agus na cosúlachtaí idir teanga agus cultúr na hÉireann agus teangacha agus cultúir tíortha eile a thaispeáint.

**An Néara-Éagsúlacht a Chumhachtú**

Is sainbhailiúchán acmhainní is féidir a fháil ar iasacht saor in aisce ag brainse ar bith de Leabharlanna Átha Cliath Theas é Bailiúchán Bréagán Bhaile Átha Cliath Theas Néara-Éagsúil. Tá sé mar aidhm ag an mbailiúchán tacaíocht a chur ar fáil do leanaí agus daoine fásta a bhfuil riachtanais néara-éagsúla, deacrachtaí foghlama, míchumais nó riachtanais chasta acu. Tá acmhainní ann faoi na catagóirí príomh-áiseanna forbartha, scileanna mínluaile, scileanna oll-luaile, scileanna súgartha agus saoil, agus áiseanna céadfacha agus tadhlacha. Tá sraith bhliantúil de léachtaí agus ceardlanna saor in aisce i gceist leis an tionscadal Baile Átha Cliath Theas Néara-Éagsúil chomh maith. Leis na himeachtaí sin, cuirtear treoraíocht, tacaíocht agus deiseanna líonraithe ar fáil do thuismitheoirí, múinteoirí agus gairmithe cúraim sláinte. Cuireann an tionscadal le raon beart inár leabharlanna chun spásanna a fháiltíonn roimh chách a dhéanamh díobh, lena n-áirítear tréimhsí céadfacha rialta, agus 'Cubbies' a chur ar fáil, spásanna do rialú a dhéanamh ar chéadfacha. Chun mionsonraí cothrom le dáta a fháil faoin tionscadal Baile Átha Cliath Theas Néara-Éagsúil, féach www.southdublinlibraries.ie

**An tSeachtain Mná sa Spórt**

D'eagraigh Baile Átha Cliath Theas Gníomhach seachtain spreagúil gníomhaíochtaí don tSeachtain Mná sa Spórt. Cuireadh aclaíocht chun cinn leis an imeacht sin, agus leagadh béim ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht na mban i spóirt agus caithimh aimsire éagsúla. Is é aidhm na Seachtaine Mná sa Spórt ná mná ar gach leibhéal agus i ngach ról i gcúrsaí spóirt a cheiliúradh, a chur chun cinn, a léiriú agus a spreagadh. Bhí rud éigin ar fáil do gach duine le linn na seachtaine d'imeachtaí agus ranganna trialacha saor in aisce, ina measc damhsa, aclaíocht agus peil Mheiriceánach.

**Lá Idirnáisiúnta na mBan**

Chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh, reáchtáil Cácas na mBan Bhaile Átha Cliath Theas taispeántas i Rua Red Dé Céadaoin an 6 Márta, a thug ardán do roinnt de na mná iontacha a

thugann a gcuid ama agus fuinnimh go fonnmhar chun a bpobail a fheabhsú agus chun áiteanna níos fearr le cónaí iontu a dhéanamh díobh. Cuireadh tús leis an tionscnamh, Mná Bhaile Átha Cliath Theas, i mí Dheireadh Fómhair 2023 nuair a iarradh ar an bpobal mná inspioráideacha as gach cúlra i mBaile Átha Cliath Theas a ainmniú, mná a léiríonn ceannaireacht agus a dhéanann a gcuid oibre tairbhe dá bpobal. Aistríodh an taispeántas go dtí Leabharlann Thamhlachta go dtí an 15 Márta agus bhí feachtas digiteach beo i rith mhí an Mhárta go léir. Leis an eispéireas digiteach sin, tugadh deis do dhaoine scéalta na mban a fhoghlaim agus a fheiceáil gur féidir athrú dearfach fadmharthanach a bhaint amach trí ghníomhartha beaga a dhéanamh i do phobal.

Reáchtáladh imeachtaí sna leabharlanna chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a chomóradh ar fud Bhaile Átha Cliath Theas, lena n-áirítear ceardlanna agus díospóireachtaí le ceannairí ban, ealaíontóirí, fiontraithe agus staraithe ar saineolaithe iad ar stair na mban. Ba é aidhm na n-imeachtaí sin spreagadh agus oideachas a chur ar dhaoine agus plé fiúntach a thosú. D'óstáil Leabharlann Thamhlachta ócáid dar teideal Embrace and Empower, pléphainéal le brainse Thamhlachta de Women's Collective Ireland. D'óstáil Leabharlann Thamhlachta ócáid eile dar teideal Count Her In: Brewing Empowerment and Celebrating Women - an International Women's Day cóisir thae leis an bhfiontraí sóisialta, údar agus cainteoir TEDx, Debbie Deegan. Díríodh ar stair na mban i Leabharlanna Chaisleán Thigh Motháin agus Bhaile Uí Ruáin, le fóram ar stádas na mban in Éirinn neamhspleách. D'óstáil Leabharlann Chluain Dolcáin Thuaidh Hear My Voice, ócáid cheoil agus filíochta ó bhéal a raibh gach duine in ann páirt a ghlacadh ann, faoi stiúir Bríd Lyons, amhránaí is scríbhneoir, file agus ceoltóir ceoil tíre as Cill Chainnigh. San ócáid seo, díríodh ar amhránaithe, scríbhneoirí agus filí ban, agus iarradh ar an lucht féachana a gcuid dánta agus próis féin a roinnt.

**Cácas na mBan Bhaile Átha Cliath Theas**

Tionóladh an chéad chruinniú de Chácas na mBan tar éis na dtoghchán áitiúil Déardaoin an 26 Meán Fómhair i Seomra na Comhairle, an chéad uair ar fhreastail comhaltaí nua ar chruinniú in éineacht lena gcomhghleacaithe. Is eagraíocht neamhpholaitiúil é Cácas na mBan agus tá sé oscailte do chomhairleoir reatha ban nó d'iar-chomhairleoirí ban. Tá sé mar aidhm aige méadú a chur ar rannpháirtíocht na mban agus ionadaíocht ar mhná sa pholaitíocht áitiúil.

**Comhairle Contae Átha Cliath Theas – is mná iad formhór na gcomhaltaí**

Tar éis an Olltoghcháin i mí na Samhna, toghadh triúr Comhairleoirí de chuid Chomhairle Contae Átha Cliath Theas do Dháil Éireann agus comhthoghadh triúr Comhairleoirí nua, an Comhairleoir Paddy Cosgrave (Lucht Oibre), An Comhairleoir Jacqueline Sheehy (Fianna Fáil) agus An Comhairleoir Helen Farrell (Neamhspleách) ag Cruinniú Speisialta den Chomhairle an 19 Nollaig. Ar Comhairleoirí Farrell agus Sheehy a thoghadh, is í Comhairle Contae Átha Cliath Theas an chéad Chomhairle i stair an Stáit inarb iad mná formhór na gcomhaltaí - 21 bean, líon is ionann agus 52.5% den Chomhairle.

**Lá Idirnáisiúnta na bhFear**

Ba é an 19 Samhain, 2024 Lá Idirnáisiúnta na bhFear. Chun an lá a chomóradh, léirigh an Chomhairle a thábhachtaí atá sé feasacht a ardú agus plé oscailte a dhéanamh faoi shláinte na bhfear. Reáchtáil Fondúireacht Marie Keating seimineár gréasáin faoi Shláinte na bhFear Dé Máirt an 12 Samhain don fhoireann go léir. Ba é aidhm na ceardlainne sin ná cur leis an eolas faoi na cineálacha ailse is mó a thagann ar fhir. Tugadh faisnéis faoi chomharthaí agus siomptóim na gcineálacha ailse sin agus faoin gcaoi le siomptóim a thabhairt faoi deara, chomh maith le faisnéis faoin gcaoi a bhféadfaidh fir an baol go bhfaigheadh siad na hailsí coitianta sin a laghdú.

**Tuarascáil faoin mBearna Phá idir na hInscní**

D'fhoilsigh Comhairle Contae Átha Cliath Theas a tríú Tuarascáil faoin mBearna Phá idir na hInscní, inar léiríodh an difríocht sa mhéid a íoctar le fir agus mná san eagraíocht, ar an meán, beag beann ar ról ná leibhéal. Léiríonn ár dtuarascáil 2024 bearna phá idir na hinscní de -9.77%. Léiríonn an figiúr sin go bhfuil meán-thuillimh na mban uile i gComhairle Contae Átha Cliath Theas 9.77% níos airde ná meántuillimh na bhfear uile san eagraíocht.

**Gradam Chathracha Rochtana AE**

Chruthaigh an Coimisiún Eorpach an Gradam don Chathair Rochtana chun luach saothair a thabhairt do chathracha a thugann tús áite d'inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas. Tá spásanna inrochtana – idir fhisiciúil agus fhíorúil - ar an gcéad chéim i dtreo an chomhionannais. Mura féidir le daoine faoi mhíchumas rochtain a bheith acu ar iompar, siopaí, páirceanna, suíomhanna gréasáin agus mar sin de, ní féidir leo a gcuid roghanna féin a dhéanamh agus smacht a bheith acu ar a saol. Bronnadh an Gradam Lua Speisialta ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas as Limistéir Tírdhreacha agus Páirceanna Spraoi ag an ócáid a bhí ar siúl sa Bhruiséil as an obair a dhéanaimid ar spásanna spraoi inrochtana a fhorbairt sa Chontae.

**Údarás Áitiúil atá báúil don litearthacht**

Bhí doiciméid de chuid na Comhairle i mBéarla simplí agus cruthaithe ó thaobh an chomhionannais de lena n-áirítear: téacs le haghaidh leathanaigh ghréasáin éagsúla, Plean Foirne na hArdbhainistíochta, Tuarascáil Bhliantúil 2023 na Comhairle, doiciméid earcaíochta, dréacht-Phlean Gníomhaíochtaí don Athrú Aeráide, beartais agus fógraí a bhaineann le Sláinte agus Sábháilteacht, beartais foirne éagsúla, agus na nuachtlitreacha South Dublin Today agus South Circular.

## Dul chun cinn faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus Reachtaíocht maidir leis an nGaeilge

Ceapadh Oifigeach Gaeilge nua i mí an Mhárta 2024

Réitíodh 6 ghearán a fuarthas ón gCoimisinéir Teanga in 2024, lena n-áirítear 2 ghearán a tugadh ar aghaidh ó 2023. Bhain na gearáin sin le comharthaíocht. Tá dhá ghearán breise a fuarthas in 2024 fós idir lámha agus tugadh ar aghaidh go dtí 2025 iad.

Tá sé d'oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí 20% dá bhfógraíocht bhliantúil a dhéanamh i nGaeilge, agus 5% den chaiteachas iomlán ar fhógraíocht a dhéanamh sna meáin Ghaeilge amháin. Tá tuairisciú ar fheidhmíocht 2024 le déanamh in 2025.

Forbraíodh ábhar oideachais agus treoir faoi cheanglais fógraíochta a chomhlíonadh agus scaipeadh iad trí inlíon na foirne.

Fuarthas moladh ón gCoimisinéir Teanga chun athbhreithniú a dhéanamh ar na cleachtais eagraíochtúla a dhéanann CCÁCT lena chinntiú go gcomhlíonfar fo-ailt 10(b) agus 10(c) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 amach anseo.

Tháinig forálacha deiridh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 i bhfeidhm an 21 Nollaig 2024. Leanfaidh CCÁCT de bheith i dteagmháil leis an gCoimisinéir Teanga agus leis an Roinn maidir le seirbhísí i nGaeilge agus reachtaíocht faoin nGaeilge.

# Gradaim agus Éachtaí na Comhairle in 2024

**An Chéad Chomhairle i Stair an Stáit inarb iad mná formhór na gcomhaltaí**

An chéad Chomhairle in Éirinn chun paireacht inscne a bhaint amach agus a shárú. 52.5% bean ar Chomhairle de 40 comhalta

**An Gradam Energy Globe 2024 buaite ag Scéim Téimh Ceantair Thamhlachta**

Bronnadh an gradam cáiliúil Energy Globe Award 2024 d'Éirinn ar Scéim Téimh Ceantair Thamhlachta, mar aitheantas ar an méid mór a chuireann sí le téamh inbhuanaithe agus laghdú carbóin i gceantar Thamhlachta. Is duais chomhshaoil é an gradam Energy Globe a bhronntar ar thionscadail inbhuanaithe. Rachaidh Heatworks ar aghaidh chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag an Searmanas Gradam Idirnáisiúnta a thionóltar gach bliain san Ostair.

**Gradaim Deartha Institiúid Tírdhreacha na hÉireann**

Tugadh aitheantas do Chomhairle Contae Átha Cliath Theas as a cuid éachtaí ag Gradaim Deartha Institiúid Tírdhreacha na hÉireann, áit ar bhuaigh sí sé ghradam i gcatagóirí éagsúla. Bhuaigh CCÁCT an chéad duais sa chatagóir Tionscadal Tógtha - Páirceanna Poiblí as an bpáirc nua, Páirc Lána Tandy agus Páirc Airlie i mBaile Adaim, agus fuair Páirc Shruthán Bhaile an Fhaoitigh ardmholadh.

**Gradaim Náisiúnta chun Aitheantas a thabhairt d'Éachtaí Aoisbháúla**

Tugadh aitheantas d'fhorbairt tithíochta aoisbháúil Chomhairle Contae Átha Cliath Theas ag Chúirt Mhic Bhrádaigh, An Seanbhábhún, Tamhlacht, sna Gradaim Náisiúnta 2024 chun Aitheantas a thabhairt d'Éachtaí Aoisbháúla, nuair a tháinig sí sa chéad áit sa chatagóir Gradam Tithíochta.

**Os cionn €1.1m leithdháilte ar 28 dTionscadal faoin gClár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide**

Mar chuid den ghlao ar chistiú Deontais Caipitil Spóirt in 2023, rinneadh 31 iarratas ar áiseanna nua agus uasghrádaithe i bpáirceanna agus spásanna oscailte CCÁCT. Cuireadh in iúl do CCÁCT le déanaí gur ceadaíodh gach deontas d'áiseanna inár bpáirceanna agus spásanna oscailte a ndearnadh iarratas ina leith. Baineann na tionscadail le raon leathan spóirt, idir thionscadail ar mhionscála go mórscála.

**Gradaim an Bhrait Ghlais faighte ag Cúig Pháirc i mBaile Átha Cliath Theas**

Is iad na páirceanna ar bronnadh Brataí Glasa orthu ná Páirc Bhaile Uaitéir, Páirc Sheáin Bhreathnaigh, Páirc Thigh Motháin, Páirc Chorcaí agus Páirc Chaisleán Ráth Fearnáin.

**Gradaim Sármhaitheasa sa Rialtas Áitiúil**

Cuireadh Comhairle Contae Átha Cliath Theas ar an ngearrliosta le haghaidh naoi ngradam:

- Cearnóga Uirbeacha nua agus Páirc Líneach do Thamhlacht sa chatagóir Athbheochan Uirbeach
- Mionscéim Choillearnaí i mBaile Átha Cliath Theas sa chatagóir Athrú Aeráide
- Mná Bhaile Átha Cliath Theas sa chatagóir Chumarsáid
- Athbhreithniú ar an gclár Teenspace sa chatagóir Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht
- Lá Seirbhísí Poiblí Pobail Bhaile Átha Cliath Theas sa chatagóir Féile na Bliana
- Ionad Pobail Theach Scoile Theach Sagard sa chatagóir Oidhreacht agus Timpeallacht Thógtha
- Ceardlanna Leabharlainne: STEAM ag Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas sa chatagóir Nuálaíocht in Údaráis Áitiúla
- Líonra de Mhná atá ag gabháil don Fhiontraíocht i mBaile Átha Cliath Theas (NEWS) sa chatagóir Forbairt Gheilleagrach a Chur Chun Cinn
- Baile Adaim: Inbhuanaithe trí Phleanáil, Dearadh agus Cur Chun Feidhme sa chatagóir Ag Tacú le Pobail Inbhuanaithe

# An Plean Soláthair Seirbhíse 2024 agus an Plean Corparáideach a chur i bhfeidhm

Seo a leanas na príomh-nithe a baineadh amach agus an dul chun cinn a rinneadh faoi chur i bhfeidhm an Phlean Soláthair Seirbhíse 2024 agus na bliana deiridh den Phlean Corparáideach 2020-2024.

## Forbairt Eacnamaíochta, Fiontair agus Turasóireachta

**Timpeallacht thacúil gnó a choimeád**

Cheadaigh Coiste OFÁ um Meastóireacht agus Ceaduithe Bhaile Átha Cliath Theas 37 tionscadal agus leis sin cruthaíodh 51 post nua go díreach agus an cumas ann 230.5 post ar an iomlán a chruthú thar thréimhse trí bliana.

Ceadaíodh 96 Dearbhán Trádála Ar Líne chun cuidiú le gnólachtaí beaga a láithreacht trádála ar líne a fhorbairt, rud a bhí níos mó ná ár sprioc 55 a leag Fiontraíocht Éireann síos.

Chuir OFÁ clár oiliúna iomlán ar fáil ina raibh 117 cúrsa, agus ar ar fhreastail 1,668 rannpháirtí. Soláthraíodh 13 chúrsa Do Ghnó Féin a Thosú do bhreis agus 183 rannpháirtí.

Faoi sprioc-chláir oiliúna OFÁ Bhaile Átha Cliath Theas, chuir 15 chliant an clár i bhforbairt ceannaireachta agus straitéise dírithe ar easpórtáil i gcrích; ceadaíodh 38 tionscadal le haghaidh tacaíocht chomhairliúcháin faoin gClár náisiúnta Green4Micro; ceadaíodh 19 gcuideachta le haghaidh an chláir LEAN, agus bhí 25 cuideachta rannpháirteach sa chlár Tús Digiteach.

Ceadaíodh 23 deontas um Chúnamh Teicniúil le haghaidh Micreaspórtálaí do ghnólachtaí in earnálacha mar éadaí agus déantúsaíocht, bia, leictreonaic, agus teicneolaíocht leighis.

Rinneadh 675 sannachán meantóireachta ar fud gach earnáil ghnó lena n-áirítear airgeadas, na meáin shóisialta/margaíocht, agus bainistíocht ghnó.

Ceadaíodh 27 tionscadal le haghaidh tacaíocht airgeadais tríd an gCiste Tacaíochta Gnó.

Bhí seacht gcinn de na gnólachtaí ceardaíochta agus dearaidh is fearr atá tagtha chun cinn i mBaile Átha Cliath Theas rannpháirteach sa Taispeántas Cruthaitheach de chuid Showcase Ireland 2024, ceann de na seónna trádála idirnáisiúnta is mó in Éirinn.

Bhí ár Seachtain Fiontair Áitiúil 2024 ar siúl i mí an Mhárta le OFÁ Bhaile Átha Cliath Theas ag óstáil 16 imeacht, lena n-áirítear Gradaim Fiontair Áitiúil Bhaile Átha Cliath Theas, agus bhuaigh Jim Dunne, Smart Studio an gradam foriomlán. As sin rinne siad ionadaíocht ar Bhaile Átha Cliath Theas sna Gradaim Fiontair Náisiúnta.

Bhí Craobhchomórtas Contae Chlár Fiontair Scoláirí Bhaile Átha Cliath Theas OFÁ ar siúl i mí an Mhárta in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Tamhlacht, agus bhí thart ar 650 scoláire as 20 scoil páirteach sa chlár bliantúil.

I mí Mheán Fómhair, reáchtáil an Oifig Fiontair Áitiúil ócáid leis an Líonra de Mhná atá ag gabháil don Fhiontraíocht i mBaile Átha Cliath Theas (NEWS) do Mhná i gCúrsaí Gnó in Óstán Maldron, Tamhlacht. Ba í Sarita Johnston, Stiúrthóir na Pleanála Gnó le Capstone Business Advisors Limited, óstach na hócáide. An teideal a bhí ar an ócáid ná "Stepping Up: Stepping Out and Empowerment." Tugadh 80 ceannaire tionscail, fiontraí agus athraitheoir le chéile san ócáid seo chun plé a dhéanamh ar an aistear a bhaineann le gaisce a dhéanamh, dul i riosca agus daoine eile a chumhachtú.

I mí Dheireadh Fómhair, seoladh Líonra Ceannairí OFÁ Bhaile Átha Cliath Theas ag ócáid speisialta san Ionad Nuálaíochta, Work IQ, mar chuid de shearmanas Bronnta Teastas OFÁ chun cur le rath an chláir Ceannaireacht Straitéiseach don Fhás, trí fhorbairt agus fás na gceannairí sin agus a ngnólachtaí a choimeád ar bun.

Lean líonraí gnó a fuair tacaíocht ó OFÁ ag leathnú agus mhéadaigh ballraíocht NEWS go dtí 426 agus SCENE (Líonra Gheilleagar Cruthaitheach Bhaile Átha Cliath Theas) go dtí 295 comhalta. Bhí clár iomlán imeachtaí ar siúl ar feadh 2024 don dá líonra. Bhí imeacht réigiúnach Bhaile Átha Cliath do Lá Fiontraíochta Náisiúnta na mBan, imeacht suaitheanta ar siúl in Óstán Maldron, Tamhlacht, agus d'fhreastail os cionn 240 banfhiontraí air.

Bronnadh Sainteastas i mBainistiú Straitéiseach FBManna ar 13 rannpháirtí sa tríú clár Ceannaireacht Straitéiseach don Fhás, tar éis dóibh a bheith rannpháirteach sa chlár sé mhí agus a bPleananna Fáis agus Easpórtála a chur isteach.

Críochnaíodh tógáil an Lárionaid Nuálaíochta Work IQ, dar luach €16m, agus i mí na Bealtaine, osclaíodh go hoifigiúil an tsaoráid 2,980 m2 d'fhiontraithe, gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna, ina lonnófar suas le 60 gnólacht ar deireadh. An Méara an tráth sin, an Comh. Alan Edge agus an tAire Sláinte an tráth sin, Stephen Donnelly T.D., a d'oscail an tsaoráid. Tá 11 ghnólacht lonnaithe inti faoi láthair.

**Tacú le hinfheistíocht dhíreach eachtrach agus dhúchasach sa chontae**

Cuireadh tús leis an tógáil i gCéim 2 de Bhóthar Rochtana Chaisleán na Gráinsí Thiar mar chuid de ghníomhachtú Mháistirphlean Chaisleán na Gráinsí a bhfuil mar aidhm leis suas le 12,000 post a chruthú.

Lean roinnt de mhórchliaint Chaisleán na Gráinsí dá gcuid oibre forbartha agus leathnaithe agus cruthaíodh poist le linn na tógála agus go fadtéarmach dá bharr.

Rinneadh dul chun cinn ar an bhforbairt ar stiúideo/páirc na meán atá beartaithe ag Lens Media nuair a eisíodh cead pleanála i mí na Nollag.

Rinneadh dul chun cinn mór ar Mháistirphlean an 12ú Loc chun ceathrú nua eacnamaíoch, cultúir agus sóisialta a chruthú. Deonaíodh cead Chuid 8 do Stiúideo an 12ú Loc agus do na tograí Teachín agus Tithe Amuigh na Gráinsí agus ceapadh foireann dhearaidh faoi stiúir ailtire chun an fhorbairt a thabhairt chun cinn.

Chuir Mountpark Ltd tús leis an tógáil ar shaoráid lóistíochta ar mhórscála ar a mbeidh rochtain trí Chaisleán na Gráinsí Thiar. Is infheistíocht shuntasach é sin don chontae agus don cheantar, lena soláthrófar saoráidí don earnáil lóistíochta a bhfuil géarghá leo.

**Ár Sócmhainní a bhainistiú chun tacaíocht iomlán a thabhairt don Fhorbairt Eacnamaíoch**

Ar an Ardán Thuaidh a thabhairt chun críche, a d'oscail an Méara Baby Perrepadan agus an tAire Tithíochta ag an am, Darragh O'Brien TD ag an gcluiche de chuid Shraith na hÉireann idir Shamrock Rovers agus Bohemians, tá Staid Thamhlachta in ann freastal ar os cionn 10,000 lucht tacaíochta spóirt anois. Reáchtáladh roinnt mhaith cluichí le foirne Éireannacha, Eorpacha agus idirnáisiúnta le linn na bliana, agus an lucht féachana ba mhó riamh ann.

Síníodh léas nua 15 bliana le Shamrock Rovers FC mar thionónta fadtéarma i Staid Thamhlachta, agus comhaontaíodh Meabhrán Tuisceana 5 bliana leis an FAI le go bhféadfaidh foirne idirnáisiúnta an staid a úsáid.

Rinneadh próiseas iomaíoch chun tionónta nua a fháil don seomra faoi thalamh ag Ardán Thuaidh Staid Thamhlachta agus is iad Tallaght Martial Arts, club spóirt áitiúil ar éirigh thar cionn leo go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, a úsáidfidh an spás ó 2025.

Ceannaíodh Teach Leamhcáin agus na tailte Diméine a ghabhann leis ina bhfuil 30 acra ó rialtas na hIodáile i lár 2024. Ceapadh foireann ailtirí ina dhiaidh sin chun máistirphlean a fhorbairt don úsáid a mbainfear as an Teach agus na tailte amach anseo. Tá na deiseanna a chruthaítear leis an infheistíocht straitéiseach seo thar a bheith tábhachtach don cheantar áitiúil agus don chontae, i bhfianaise stair, oidhreacht agus luach áineasa na maoine.

**An méid a chuireann na healaíona, na leabharlanna, an oidhreacht agus an Ghaeilge le heispéireas cultúrtha na saoránach agus na gcuairteoirí a uasmhéadú**

Ba bhliain rathúil eile a bhí in 2024 dár leabharlanna, le breis is 60,000 ball gníomhach ar fud an líonra brainsí, ag tabhairt faoi bhreis is 1.3 milliún idirbheart a bhain le leabharlanna agus 946,412 cuairt tugtha orainn ag an bpobal.

Cuirtear clár bríomhar imeachtaí, ceardlann agus ranganna ar fáil inár leabharlanna i gcónaí. Reáchtáladh 7,761 imeacht, a mheall beagnach 150,000 duine le freastal orthu.

Seoladh an tseirbhís Mo Leabharlann Oscailte i Leabharlann Leamhcáin i mí Mheán Fómhair, rud a chiallaíonn go bhfuil an leabharlann ar oscailt 7 lá sa tseachtain, 365 lá sa bhliain. Is é sin

43 uair oscailte breise sa tseachtain agus tá sé beartaithe an tseirbhís seo a chur ar fáil i leabharlanna eile in 2025.

Cuireann Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas 429 uair oscailte ar fáil anois ar fud ar líonra brainsí de seacht leabharlann, ardú ó 372 in 2022.

Ina theannta sin, tugadh 35,722 cuairt ar leabharlanna soghluaiste in 2024, ardú ó 27,284 in 2023, nó ardú 31%.

Leanamar ar aghaidh lenár gcuid oibre chun síneadh a chur leis an líonra leabharlann agus rinneadh dul chun cinn maith ar sholáthar Leabharlann Iarthar na Cathrach. Tá an obair le tosú uirthi in 2025. Rinneadh dul chun cinn ar phleananna chun rochtain a fheabhsú agus oibreacha athchóirithe a dhéanamh ag Leabharlann Chluain Dolcáin faoin bpróiseas pleanála Chuid 8, agus tá coinne leis go lóisteálfar iarratas réamhphleanála le haghaidh Leabharlann Bhaile Adaim sa chéad leath de 2025.

Reáchtáladh an Fhéile Leabhar Red Líne i mí Dheireadh Fómhair. Ba léiriú ar chumhacht an fhocail scríofa a bhí i gclár na Féile, agus bhí 50 imeacht ann, a chuimsigh seánraí, guthanna agus dearcthaí éagsúla. D'fhreastail 5,051 duine ar an bhféile (suas ó 2,934 duine a d'fhreastail ar 40 imeacht in 2023).

Tugadh próiseas ainmniúcháin Phlás Pharthaláin chun críche agus seoladh é i mí Mheán Fómhair. An chead mhórimeacht poiblí a tharla sa chearnóg phoiblí nuafhorbartha ag Plás Pharthaláin ab ea seoladh Tallaween an 19 Deireadh Fómhair. Chonaic 5, 672 duine an suiteáil Tallaween idir an dáta sin agus an dáta ar dúnadh í, an 31 Deireadh Fómhair.

Tugadh an clár Ceardlanna Leabharlainne isteach in 2024. Is clár imeachtaí STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaíona agus Matamaitic) é a mhaireann bliain agus a ceapadh chun foghlaim dhigiteach agus STEAM a chur chun cinn do dhaoine de gach aois ar fud an chontae. D'fhreastail 5,911 duine ar 396 imeacht STEAM i leabharlanna in 2024.

Seoladh Think Big Space in 2022 agus tá sé ag mealladh rannpháirtíocht an phobail áitiúil san fhoghlaim dhigiteach ó shin. Ghlac os cionn 7,000 scoláire páirt i gceardlanna ar Róbataic Lego agus Réaltacht Fhíorúil in 2024.

Tá ár leabharlanna fós i mbun oidhreacht agus stair an chontae a chur chun cinn trí chláir imeachtaí rialta, lena n-áirítear Seachtain na Gaeilge i mí an Mhárta, an tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta i mí Lúnasa, agus trí sheoladh an phodchraolta Scéalta Bhaile Átha Cliath Theas. D'fhreastail 2,374 duine ar 118 imeacht staire i leabharlanna in 2024.

Tugadh 390,161 cuairt ar ionaid ealaíon agus ar ionaid tionóil sa Chontae.

Chuir an Oifig Ealaíon 119 imeacht léirithe beo ar siúl, ar ar fhreastail lucht féachana de 34,127 duine, trí *South Dublin Live*, *The Night Belongs to Us,* Féile Cheoil Leanaí Leamhcáin, Ruaille Buaille, Oíche Chultúir agus Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas.

D’fhreastail 1,884 duine ar 295 ceardlann le NOISE Music faoi scileanna DJ, léiriú ceoil agus taibhiú. Reáchtáladh na ceardlanna i 30 suíomh, ina measc scoileanna, leabharlanna agus ionaid óige. Ghlac 1,623 leanbh agus duine óg páirt in oideachas ceoil in imeachtaí agus cláir éagsúla i scoileanna, ionaid phobail, leabharlanna agus áiteanna eile, le Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas.

Éascaíodh sé chónaitheacht ealaíontóirí i suíomhanna luathbhlianta agus scoileanna faoi *Seedlings,* clár Ealaíon Luathbhlianta agus Leanaí, ar ar fhreastail os cionn 120 leanbh. Cuireadh tús leis an gclár Scríbhneoireacht Chruthaitheach do leanaí 7-12 bliana d’aois dar teideal *MAD Mag* agus reáchtáladh é i dtrí scoil. Reáchtáladh an clár Mother Tongues Language Explorers i leabharlanna, lárionaid phobail agus Ionaid Sholáthair Dhírigh.

Fuair 33 ealaíontóir, daoine atá ag teacht chun cinn agus ealaíontóirí seanbhunaithe, sparánachtaí agus dámhachtainí chun a gcleachtas a fhorbairt agus chun saothar nua a chruthú. Ina measc siúd bhí an Dámhachtain Sparánachta nua d’Ealaíontóirí um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht, i gcomhar le hAmharclann na Mainistreach, a bronnadh ar an scannánóir agus amharclannóir, Newton Barabara, a d’oibrigh le daoine a chónaíonn i Mol Idirthurais Iarthar na Cathrach ar an léiriú drámaíochta *Halfway to Heaven*.

Trí Chlár Bhaile Átha Cliath Theas d’Éire Ildánach, chuireamar Cruinniú na nÓg ar siúl, an lá náisiúnta um chruthaitheacht leanaí, agus bhí 2,752 leanbh agus duine óg rannpháirteach.

**Straitéis turasóireachta atá dírithe ar fhorbairt táirgí agus brandaí nua a chur chun feidhme**

Seoladh Straitéis Turasóireachta nua i mí Feabhra, agus tugadh cuntas inti ar ár dtosaíochtaí straitéiseacha chun an turasóireacht a fhorbairt i mBaile Átha Cliath Theas idir 2024 agus 2029, chun cur le tábhacht na turasóireachta don gheilleagar áitiúil.

Tugadh faoi phróiseas rannpháirtíochta poiblí neamhreachtúil trí chéim, mar chuid den fhorbairt ar mháistirphlean Stáblaí Ráth Fearnáin. Ghlac os cionn 1,000 duine páirt i dturais ar an láthair, i gceistneoir ar líne, agus i sraith fócasghrúpaí. Rinneadh roinnt suirbhéanna ar riochtaí foirgneamh agus imscrúduithe talún faoi mhaoirseacht seandálaí, mar chuid den obair i dtaca leis an bplean bainistithe caomhantais.

Lean sainchomhairleoirí ar aghaidh ag obair ar dhearadh agus ar fhorbairt mhionsonraithe Ionad Cuairteoirí Shléibhte Bhaile Átha Cliath agus tugadh oibreacha ar speicis ionracha sa gharraí daingean i Massey’s Wood chun críche in 2024.

Tá doiciméid tairisceana agus meastacháin nuashonraithe ar chostais le haghaidh Ionad Oidhreachta Thamhlachta tugtha chun críche anois agus tá athbhreithniú á dhéanamh orthu sula rachfar ar aghaidh leis an tionscadal.

Thug 74,554 duine cuairt ar Ionad Cuairteoirí an Chloigthí agus tugadh tairiscint nua i gcrích chun é a oibriú. Ar an drochuair, scoir an t-oibritheoir den trádáil i mí na Nollag agus cuireadh tús le próiseas nua.

Bhí Margadh Bia agus Ceardaíochta Faoin Spéir Pháirc Thigh Motháin ar siúl gach Satharn ó mhí Aibreáin go dtí mí an Mheithimh agus thug sé tacaíocht d'imeachtaí eile, mar shampla Lá na hAfraice na Roinne Pobail, a reáchtáladh in éineacht leis an margadh i mí na Bealtaine.

Thacaigh an Scéim Deontais le haghaidh Imeachtaí agus Féilte Turasóireachta le 13 imeacht le linn na bliana, lena n-áirítear Cispheil Dublin Masters, Irish National Scale Model Show agus BrickCon, a thug os cionn 5,000 cuairteoir chuig an gContae. Meastar gur €645,291 a bhí sa díbhinn don gheilleagar áitiúil ó na 13 imeacht.

D'fhill Margadh na Nollag Chaisleán Ráth Fearnáin i mí na Nollag agus mheall sé os cionn 3,000 chuig an margadh chun 40 trádálaí bia agus ceardaíochta a fheiceáil, mar aon le siamsaíocht bheo, agus cuireadh táirgí ceardaí áitiúla, bia, ceardaíocht, agus gnólachtaí áitiúla chun cinn. D'oscail Oifig na nOibreacha Poiblí Caisleán Ráth Fearnáin agus bhí sé an-ghnóthach le turais threoraithe. Reáchtáladh an dara Margadh na Nollag i bPlás Pharthaláin i dTamhlacht mar imeacht nua sa láthair sin.

Sheolamar aip dhinimiciúil nua, Dublin Discovery Trails, lena dtugtar conairí ar fud Bhaile Átha Cliath le chéile chun iad a chomhordú agus a chur chun cinn níos fearr. Tá teangacha breise curtha léi le haghaidh téacs agus fuaime.  Seoladh Conair Siúlóide Shráidbhaile Theach Mealóg i mí Mheán Fómhair, ag tacú lenár sraith conairí siúlóide ina bhfuil cinn i dTamhlacht, Cluain Dolcáin agus Ráth Fearnáin cheana féin.

Fuarthas ocht n-iarratas ar dheontais faoinár Scéim Feabhsúcháin Aghaidh Siopaí.

Thángthas ar chomhaontú chun féile an cheoil traidisiúnta agus an cheoil tíre is mó in Éirinn a leathnú amach go Baile Átha Cliath Theas. Reáchtáladh Tradfest i mBaile Átha Cliath Theas in ionaid éagsúla stairiúla agus atmaisféaracha ar fud Bhaile Átha Cliath Theas i mí Eanáir 2025. Bhí an deis ag pobail áitiúla éisteacht le ceol traidisiúnta in ionaid mar Ionad Cultúir Áras Chrónáin, Ionad Pobail Ghleann an Smóil, Ionad Cuairteoirí Chloigtheach Bhrú Chrónáin, Teach Cúirte Ráth Cúil, agus Séipéal Mhaelruain i dTamhlacht.

| **Forbairt Eacnamaíochta, Fiontair agus Turasóireachta - Príomhstaitisticí** | **Iomláin 2024** |
|---|---:|
| OFÁ - poist ar tugadh tacaíocht dóibh | 51 |
| Rannpháirtithe meantóireachta OFÁ | 675 |
| Iarratais ar dhearbhán trádála ar líne a ceadaíodh | 96 |
| Caiteachas ar dheontais tacaíochta gnó | €280,528 |
| Poist a coinníodh i gCaisleán na Gráinsí | 5,328 |
| Baill ghníomhacha na leabharlainne | 60,741 |
| Caiteachas ar stoc nua leabharlainne | €531,768 |

| | |
|---|---|
| Cuairteoirí leabharlainne | 946,412 |
| Leabharlann - míreanna a fuarthas ar iasacht | 964,295 |
| Líon na bhféilte agus imeachtaí turasóireachta ar tacaíodh leo | 13 |
| Cuairteoirí ar Ionad Cuairteoirí Chloigtheach Bhrú Chrónáin | 74,554 |
| Cuairteoirí chuig ionaid ealaíon | 390,161 |
| Deontais ealaíon a íocadh | 124 |
| Luach na ndeontas ealaíon a íocadh | €1,463,775 |

## Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar

**Pleanáil Straitéiseach le haghaidh Fás Athléimneach**

Cuireadh an Tuairisc Dhá Bhliain ar an Dul Chun Cinn maidir le cur i gcrích chuspóirí an Phlean Forbartha Contae 2022-2028 faoi bhráid na comhairle i mí na Nollag, chomh maith le huirlis nua ar líne chun Monatóireacht a dhéanamh ar an Soláthar Tithíochta. Tá dul chun cinn maith déanta agus 90% de na 878 cuspóirí curtha i gcrích, ar siúl nó tús á gcur leo.

Bhí athbhreithniú ar thalamh fostaíochta ar fud an chontae ag gabháil leis an Tuairisc Dhá Bhliain ar an Dul Chun Cinn, rud a éascóidh Straitéis Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath Theas atá le teacht agus riachtanais chriosaithe don fhostaíocht amach anseo.

Ullmhaíodh na léarscáileanna le haghaidh Cáin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe 2024, bhí comhairliúchán ar siúl maidir leo, agus réitíodh iad le foilsiú an 31 Eanáir 2025. Tá dréacht-léarscáileanna 2025 á n-ullmhú lena bhfoilsiú an 1 Feabhra 2025 go ndéanfar comhairliúchán maidir leo.

Cinneadh 856 iarratas pleanála, lena n-áirítear 13 Fhorbairt Chónaithe ar Mhórscála, agus cinneadh 825 comhlíonadh pleanála, dúnadh 462 cás forfheidhmithe pleanála agus tógadh sé eastát tithíochta agus bóithre ar láimh. Rinneadh 160 comhairliúchán réamhphleanála faoi Alt 247 chomh maith.

Cinneadh 11 ceadúnas faoi Alt 254.

Rinneadh 36 iarratas ar Dheimhniú Díolúine faoi fhorálacha Alt 96 de Chuid V (Soláthar Tithíochta) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 a phróiseáil agus rinneadh 75 iarratas ar dhearbhú díolúine faoi Alt 5 den Acht um Pleanáil a thabhairt chun cinn chomh maith.

Faoi R3 2024, bhí 5,475 aonad cónaithe curtha i gcrích ó tháinig an Plean Forbartha i bhfeidhm, rud a chomhlíon spriocanna na Croístraitéise, agus tá cead pleanála faighte le haghaidh 12,649 aonad cónaithe eile.

Tugadh faoi chomhairliúchán neamhfhoirmiúil le haghaidh Plean Oidhreachta Contae agus tá an dréachtphlean á ullmhú faoi láthair le haghaidh comhairliúchán poiblí foirmiúil.

Thug Oifig an Rialálaí Pleanála, a bhfuil ról reachtúil aige maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar gach Údarás Pleanála, a hathbhreithniú ar Bhaile Átha Cliath Theas chun críche agus fuair sí go bhfuil na feidhmeanna go léir á soláthar go sásúil agus go bhfuil a freagrachtaí á gcur i bhfeidhm ag an roinn pleanála ar bhealach thar a bheith éifeachtach i roinnt mhaith réimsí.

Cuireadh an Tairseach Náisiúnta Pleanála Ar Líne ar fáil, rud a thugann rogha d’iarratasóirí agus do ghníomhairí a n-iarratais phleanála a dhéanamh go leictreonach. Ghlac go leor daoine leis an gcóras nua; cuireadh 50% de na hiarratais phleanála go léir a fuarthas in 2024 ar aghaidh tríd an gcóras seo agus cuireadh 75% de na hiarratais go léir a fuarthas i mí na Nollag ar aghaidh go leictreonach.

**Áiteanna a nascadh trí thionscadail soghluaisteachta inbhuanaithe**

Rinneamar dul chun cinn nach beag chun Clár Rothaíochta Bhaile Átha Cliath Theas a sheachadadh agus caitheadh maoiniú infheistíochta €22.8 milliún ón Údarás Náisiúnta Iompair ar dhearadh agus seachadadh bonneagair nua taistil ghníomhaigh. Cuireadh leis sin tuilleadh le maoiniú breise ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH), tráth ar sheachadamar 22.5km de bhealaí nua rothaíochta feabhsaithe agus 8km de bhealaí nua siúlóide, agus rinneamar dul chun cinn freisin maidir leis an obair dhearaidh le haghaidh 90km de bhealaí nua siúlóide agus rothaíochta feabhsaithe.

Cuireadh na hoibreacha i gcrích ar thionscadail taistil ghníomhaigh ar Bhóthar na Gráinsí, Céim 4 de Ghlasbhealach Ghleann na Dothra, Bóthar Bhaile an Teampaill (Céim 1), Bóthar an Ghrífín, Bóthar an Tiníleach, Bóthar Chaisleán Thigh Motháin (Céim 1), D24 Céim 1 agus Bóthar Ros Mór.

Cuireadh tús le hoibreacha feabhsúcháin sráideanna scoile ag roinnt scoileanna lena n-áirítear St. Marks in Achadh an Tobair, Scoil Mhaelruain i dTamhlacht, Coláiste Chilliain i gCluain Dolcáin, chomh maith le Scoil Naomh Lorcáin agus Naomh Bríd i mBaile Phámar.

Tugadh tionscadal an réimse phoiblí i Lár an Bhaile i dTamhlacht chun críche agus cuireadh tús leis an obair chun síneadh a chur le Bóthar Airton i mBaile an Chócaigh.

D’oibríomar i ndlúthchomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le hIarnród Éireann ar an dearadh agus ar an bpleanáil le haghaidh bealaí nua Bus Connects sa Chontae agus ar na pleananna le haghaidh Scéim Iardheisceart DART+, ar dhá rud iad a chuirfidh feabhas nach beag ar an méid iompair phoiblí a bheidh ar fáil sa chontae.  Thugamar tacaíocht d’Iarnród Éireann leis an uasghrádú ar stáisiún traenach na Ciseoige atá ann cheana agus ar an timpeallacht mháguaird ag Cluain Buiríosa agus osclaíodh an stáisiún go hoifigiúil i mí Lúnasa.

Deisíodh ceithre dhroichead ar chostas €500,000 agus rinneadh dul chun cinn ar phleananna chun seacht ndroichead eile a dheisiú in 2025.

Seachadadh ár gclár oibreacha bóthair go hiomlán lena n-áirítear 162 cinn d’oibreacha feabhsúcháin ar bhóithre agus ar chosáin, chomh maith le 18 dtionscadal maolaithe tráchta agus 19 dtrasrian coisithe.

Rinneadh uasghrádú ar 1,690 solas poiblí atá ann cheana go dtí soilse LED agus deisíodh 4,757 solas poiblí.

**Braistint phobail a chur chun cinn in áiteanna éagsúla i mBaile Átha Cliath Theas tríd an timpeallacht thógtha**

Cuireadh na scéimeanna feabhsúcháin Lár Ceantair chun críche ag Caisleán Thigh Motháin agus Baile an Dodaigh agus cuireadh tús leis na hoibreacha ag Lár Cheantar Chnocán na Rós. Cuireadh tús leis na hoibreacha ar scéim feabhsúcháin Shráidbhaile Leamhcáin freisin agus cuireadh deisiúcháin don bhalla teorann ag Teach Leamhcáin i gcrích i mí na Nollag.

Fuarthas cead pleanála Chuid 8 le haghaidh tionscadal feabhsúcháin Lár Cheantar Bhánóige agus tá conraitheoir á lorg faoi láthair.

Rinneadh dul chun cinn ar ullmhúchán *City Edge* - leagan éagsúil de Phlean Forbartha an Chontae agus déanfar comhairliúchán poiblí air in 2025 nuair a chuirfear tús leis na codanna ábhartha den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024.

Cuireadh tús leis an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí réamhdhréachta maidir le Plean Ceantair Áitiúil Chluain Dolcáin i mí na Samhna le cruinnithe le páirtithe leasmhara aonair. Tionólfar tuilleadh ceardlann chomhairliúcháin i mí Eanáir 2025 chun dul chun cinn a dhéanamh ar sheachadadh an phlean.

Leanadh leis an obair ar an bPlean Oidhreachta agus ar an bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

I gCrios Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa, cuireadh Céim 1A den tSráid Cheangail ó Dheas chun críche agus osclaíodh í. Cuireadh tús leis an tógáil ar Chéim 1B den tSráid Cheangail ó Dheas a fuair ceadú Cás Gnó ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH). Tá cead pleanála faighte le haghaidh 3,427 teach, agus tá 2,196 díobh críochnaithe nó á dtógáil. Cuireadh iarratais phleanála isteach do Chéim 2 den tionscadal Sráid Cheangail ó Thuaidh agus osclaíodh stáisiún traenach na Ciseoige.

I gCrios Forbartha Straitéisí Bhaile Adaim, tá na tionscadail chaipitil ag Lána Tandy, Bóthar Ceangail Chill Droichid, Páirc Airlie, agus Plás Bhaile Adaim curtha i gcrích le maoiniú ó DGLGH agus ón gComhairle. Cheadaigh an Bord Pleanála mionleasú ar an Scéim Pleanála SDZ. Deonaíodh cead pleanála le haghaidh Pháirc an Bhúlbhaird Láir le tacaíocht ón DHLGH agus cuireadh tús le dearadh mionsonraithe.

Leanamar ag obair go réamhghníomhach le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar fhorbairt agus ar chur chun cinn chonair Oidhreachta Shléibhte Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear roinnt turas siúlóide, cainteanna sa leabharlann, oiliúint sa tseandálaíocht d’oibrithe deonacha agus mapa scéala nua a fhorbairt.

D’éascaíomar uasghrádú ar iar-theach scoile Fhinnéin ag Ospidéal Peamount faoi Chiste na Struchtúr Stairiúil DHLGH agus tugadh tacaíocht do sheacht dtionscadal uasghrádaithe oidhreachta eile faoin Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha.

| Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar - Príomhstaitisticí | Iomláin 2024 |
|---|---|
| Comhaid forfheidhmithe a dúnadh | 462 |
| Cigireachtaí rialaithe foirgníochta (líon na n-aonad a ndearnadh cigireacht orthu) | 428 |
| Soilse poiblí a deisíodh | 4,757 |
| Soilse tráchta a deisíodh | 1,265 |
| Soilse LED a cuireadh in ionad na seansoilse | 1,690 |

| | |
|---|---|
| Cosáin nua agus uasghrádaithe (méadair chearnacha) | 61,483 |
| Lánaí rothaíochta nua agus uasghrádaithe (méadair líneacha) | 22,535 |
| Caiteachas ar fheabhsú sráidbhailte agus ceantair | €2,555,177 |
| Tithe príobháideacha a ceadaíodh | 1,240 |
| Tithe príobháideacha ar cuireadh tús leo | 4,882 |
| Iarratais phleanála a fuarthas | 933 |
| % na n-iarratas pleanála a deonaíodh | 69 |
| Cruinnithe réamhphleanála a cuireadh ar bun laistigh d'ocht seachtaine | 114 |

## Forbairt Tithíochta, Shóisialta agus Phobail

**Tithíocht inacmhainne agus sóisialta ar ardchaighdeán a chur ar fáil chun freastal ar an riachtanas tithíochta ar fud an chontae**

Leanadh den dul chun cinn faoin bPlean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta (HDAP) le seachadadh breis is 1,042 teach nua sóisialta agus inacmhainne thar gach sruth, lena n-áirítear 777 teach sóisialta nua atá críochnaithe trínár gclár tógála, Cuid V, Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus deiseanna lándéanta, soláthraíodh 210 réadmhaoin trí léasanna fadtéarmacha agus cuireadh 55 teach cónaithe nua inacmhainne ar fáil.

I gCluain Buiríosa, rinneadh dul chun cinn ar an tógáil ar 116 teach sóisialta agus inacmhainne ar Láithreán Leathnaithe na Canála, agus tugadh an próiseas tairisceana do 266 teach sa Chiseog chun críche. Tá an tógáil ar an láthair le tosú go luath. Ceadaíodh an t-iarratas pleanála Cuid 8 le haghaidh 118 teach sóisialta a sheachadadh tríd an sásra Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (PPP). Tá iarratas pleanála Chuid 10 le haghaidh thart ar 2,500 teach eile beagnach críochnaithe agus déanfar é a thaisceadh leis an mBord Pleanála i R1 2025.

Seachadadh 82 teach sóisialta agus 29 teach inacmhainne faoi fhorbairt chomhfhiontair Chill Chairbre agus Céim 3 beagnach críochnaithe anois. Tá Céim 4 le críochnú i R3 2025 agus cuireadh tús le forbairt ar 88 teach sóisialta agus inacmhainne ar láithreán in aice láimhe i mí na Nollag i ndiaidh cheadú Alt 183 ag comhairleoirí i mí Dheireadh Fómhair.

Leanadh leis an tógáil ar an gCearnóg Nuálaíochta, an fhorbairt 133 árasán arb í an chéad fhorbairt cíosa de réir costais aonair de chuid údaráis áitiúil in Éirinn í. Tá na haonaid chónaithe sin, atá lonnaithe i gceantar uirbeach nua na Cearnóige Nuálaíochta i dTamhlacht, le críochnú agus le seoladh ar an margadh i R1 2025 agus lascaine níos mó ná 25% ar an gcíos.

Cuireadh comhlíonadh réamhphleanála i gcrích agus cuireadh tús le hoibreacha cumasúcháin ar an láthair do 620 teach nua príobháideach, sóisialta agus inacmhainne sa tionscadal comhfhiontair Bhunchnoic Chill an Ardáin, agus ceapadh sainchomhairleoirí chun Máistirphlean Ráth Cúil a thabhairt chun cinn go dtí iarratas pleanála Chuid 10 in 2025.

Cuireadh tithe nua i gcrích agus rinneadh dul chun cinn ar leithdháiltí ag forbairtí tithe sóisialta ag Baile Gadaí, Bóthar Nangair Nua agus Lindisfarne.  Tá an tógáil fós ar bun ag Homeville agus Faiche Naomh Aonghus agus ceapadh conraitheoirí le haghaidh forbairtí ceadaithe Chuid 8 ag Corrán Rónáin agus Páirc na bPiarsach.

Fógraíodh seacht bhforbairt tithíochta bheartaithe faoi dhíolúine shealadach pleanála Alt 179A le haghaidh tithíocht shóisialta agus inacmhainne, agus bhí tús curtha le tógáil/oibreacha cumasúcháin ar shé láithreán faoi dheireadh na bliana. Cuireadh moill ar fhorbairt bheartaithe amháin de bharr imeachtaí dlí.

Soláthraíodh seacht dteach nua ag grúpscéim tithíochta nua don Lucht Siúil ag Cnoc an Fhuaráin.

**Bainistíocht, tacaíochtaí agus rialúcháin tithíochta sármhaith agus nuálach a chur ar fáil le haghaidh tionachtaí agus eastáit níos fearr**

Leanamar ag bainistiú agus ag coimeád ár stoic tithíochta ina bhfuil 10,302 agus 957 réadmhaoin léasaithe agus a fhaigheann tacaíocht in éineacht le 4,517 tionacht den Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) agus 737 tionacht den Scéim Cóiríochta Cíosa (RAS).

Rinneamar 1,245 leithdháileadh tithíochta lena n-áirítear 267 do theaghlaigh gan dídean tar éis 341,103 léiriú spéise a fháil trínár gcóras Ligin Rogha-Bhunaithe.

Ceannaíodh os cionn 118 réadmhaoin faoin scéim fála tionónta in situ agus chuaigh 71 eile ar aghaidh chuig comhaontú díolacháin/tíolacadh.

Fuarthas 3,287 iarratas nua ar thacaíocht tithíochta sóisialta in éineacht le 191 iarratas ar choigeartú méide ó thionóntaí tithíochta sóisialta agus ó úinéirí tithe príobháideacha.

Tugadh tacaíocht do 1,092 teaghlach a chuir iad féin i láthair do Sheirbhísí maidir le hEaspa Dídine.

Rinneadh cigireacht tosaigh ar 4,772 réadmhaoin phríobháideach ar cíos.

Ceadaíodh 706 deontas tithíochta príobháidí, agus cuireadh 161 cinn d’oibreacha tithíochta sóisialta i gcrích chun iad a chur in oiriúint.

Fuarthas 97 iarratas ar scéim Iasachta Tí na nÚdarás Áitiúil agus ceadaíodh €7.67 milliún roimhe sin d’iasachtaithe.

Leithdháileamar 184 réadmhaoin athligin gach 20.64 seachtaine ar an meán.

Cuireadh 85 uasghrádú tithe i gcrích faoin gClár Iarfheistithe náisiúnta i gcomhair Éifeachtúlacht Fuinnimh, agus uasghrádaíodh 263 teach eile faoin gClár Fuinneog agus Doirse.

D'éascaigh ár nIonad Custaiméirí nua i gcomhair Tithíochta 1,893 coinne, agus tá 12,144 custaiméir tithíochta cláraithe anois lenár gCóras Tithíochta Comhtháite ar cuireadh próiseas iarratais ar líne ar dheontais tithíochta príobháidí leis.

Fuarthas 17,423 iarratas ar chothabháil tithíochta agus rinneadh 12,243 deisiúchán.

Tugadh faoi shuirbhé ar fud an chontae ar thithe folmha chun tacú lenár n-úsáid as maoiniú DHLGH chun úsáid a bhaint as tithe folmha arís agus fuarthas 146 iarratas ar Dheontas Athchóirithe Tithe Folmha. Ceadaíodh 64 díobh i bprionsabal agus íocadh 37 deontas le hiarratasóirí.

Tugadh isteach struchtúir nua bainistíochta eastát agus bhí 375 cruinniú réamh-thionóntachta ann, eisíodh 69 rabhadh tionóntachta de bharr iompar frithshóisialta, seirbheáladh 22 fógra tréigin, agus foirceannadh 12 tionacht.

**Tionscnaimh ionchuimsithe, comhionannais agus idirghníomhaireachta a threorú le haghaidh pobail chomhtháite atá nasctha go sóisialta**

Leanadh de chur i bhfeidhm an Chláir Gníomhachtaithe Pobail um Chuimsiú Sóisialta (SICAP) faoi threoir an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ). Bronnadh an conradh chun SICAP a sheachadadh thar ceann an údaráis áitiúil ar Pháirtíocht Chontae Átha Cliath Theas.

Athainmníodh an Fóram Freagartha Pobail mar an Fóram um Lánpháirtiú Pobail agus tionóladh 11 chruinniú dá chuid le linn na bliana, inar díríodh ar sheirbhísí idirghníomhaireachta agus tacaíochtaí do Thairbhithe Cosanta Sealadaí (BOTPanna) agus d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta (IP).

Bunaíodh Foireann Lánpháirtíochta nua i mí na Bealtaine chun tacú le hiarratasóirí IP agus BOTPanna lánpháirtiú i bpobail áitiúla. Reáchtáil an fhoireann os cionn 50 clinic in ionaid chóiríochta agus chruthaigh siad líonra caidreamh le gníomhaireachtaí eile. D'óstáil siad sraith imeachtaí lena n-áirítear Seachtain na nDídeanaithe i mí an Mheithimh.

Tugadh na 19 dtionscadal ar bronnadh maoiniú dóibh faoin gCiste Aitheantais Pobail 2023 chun cinn: tugadh 13 chun críche agus tá an sé chinn eile le críochnú go luath in 2025. Bronnadh maoiniú breise €2,249,663 faoin gCiste Aitheantais Pobail 2024. Bhí dhá ghlao ar iarratais ann in 2024. Ceadaíodh cúig thionscadal sa chéad ghlao agus táthar ag fanacht ar cheadú ón Roinn le haghaidh seacht dtionscadal ón dara glao.

Ba é cuspóir Chomhairle Daoine Scothaosta Bhaile Átha Cliath Theas a sofheictheacht agus an fheasacht fúthu a mhéadú leis an gcéad Taispeántas Aoisbháúil i mBaile Átha Cliath Theas, a reáchtáladh i mí na Bealtaine. Tugadh roinnt tionscadal chun cinn ar fud an chontae lena n-áirítear cúrsa i litearthacht dhigiteach, Aosú Gníomhach agus an clár Cúram is Deisiúchán i gcomhar leis an gComhaontas Aoisbháúil agus Aoisbhá Éireann. Bunaíodh 'Pobal a Chuimsíonn Daoine le Néaltrú' i Lár Cheantar Chnocán na Rós, Baile Uí Ruáin, agus seoladh caifé do dhaoine

le néaltrú i mí Dheireadh Fómhair. Reáchtáiltear an caifé ar bhonn míosúil, ar an dara Máirt sa mhí in Ionad Pobail agus Óige Bhaile Uí Ruáin.

Ceadaíodh Clár Cóiríochta nua don Lucht Siúil 2025-2029 i Mí Dheireadh Fómhair.

Rinne an Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil (LTACC) faireachán ar sheachadadh an Chláir Cóiríochta don Lucht Siúil, an Phlean Gníomhaíochta Comhionannais, na scéime Iasachta Carbhán, bhainistíocht eastáit/dramhaíola, shábháilteacht dóiteáin, thionscadal STEAM do dhaoine óga agus chlós nua súgartha i gCuan na Dothra Bige.

Bhí Lá Spraoi na Seirbhísí Poiblí ar siúl i mí Iúil i gcomhar le The Square agus An Garda Síochána chun comóradh a dhéanamh ar an obair a dhéanann soláthraithe seirbhísí riachtanacha ag ócáid shaor in aisce don teaghlach.

D'óstáil an Méara na Gradaim do Dhianiarracht sa Phobal, a thugann aitheantas agus luach saothair do dhianiarracht agus éachtaí sa phobal san Óstán Plaza, Tamhlacht i mí Dheireadh Fómhair.

Lenár nGradaim Sparánachta Oideachais i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath bronnadh €2,500 an duine ar 16 scoláire ó na scoileanna áitiúla i dtreo a gcostais tríú leibhéal.

Thug Comhairle na nÓg a feachtas feasachta faoin meabhairshláinte chun críche agus chuir siad eolaire seirbhísí ar fáil do dhéagóirí a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu. Thug an Chomhairle a gnó leis an gComhdháil Bhliantúil Óige chun críche. Reáchtáladh an Chomhdháil san Óstán Plaza i mí Dheireadh Fómhair agus d'fhreastail 80 duine óg as scoileanna agus seirbhísí óige uirthi.

Bhí cruinnithe den Chomhchoiste Póilíneachta agus den Fhóram Póilíneachta Áitiúil ar siúl ar feadh na bliana le dhá Chruinniú den Chomhchoiste Póilíneachta, dhá chruinniú de Choiste an Ghrúpa Stiúrtha JPC, trí chruinniú d'Fhochoiste Drugaí JPC, ocht gcruinniú d'Fhóram Sábháilteachta Pobail Thamhlacht Thiar, cruinniú poiblí amháin d'Fhóram Póilíneachta Áitiúil Chluain Dolcáin, bunú Fhóram Sábháilteachta Pobail Ráth Cúil agus Chluain Dolcáin, 12 chruinniú d'Fhóram Sábháilteachta Pobail Chluain Dolcáin Thuaidh agus ocht gcruinniú d'Fhóram Póilíneachta Áitiúil BÁC 12.

Bhí 12 chruinniú den Fhóram Iompair ar siúl agus d'fhreastail Comhairleoirí, baill foirne agus ionadaithe ón Garda Síochána, Bus Átha Cliath, Go Ahead, Luas, agus gníomhaireachtaí eile orthu.

Chuir Saoirse - Seirbhísí Foréigin Teaghlaigh oiliúint i bhFeasacht ar Fhoréigean agus Mhí-úsáid Teaghlaigh ar 52 ball foirne túslíne agus 10 chomhalta tofa.

D'oibrigh an Roinn Pobail i gcomhar le 'A Playful City' chun tionscnamh nua sráide súgartha a sheachadadh i mí Iúil agus i mí Dheireadh Fómhair le cónaitheoirí i Sráidbhaile Iarthar na

Cathrach, Críoch Mhúrn, Cnoc Lín, Ascaill Áine Ní Dhoibhlin, Baile Uí Ruáin agus Gleanntán an Chuisleáin, Tamhlacht.

**Contae sláintiúil, gníomhach agus rannpháirteach a threorú**

Bhuail an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil le chéile seacht n-uaire agus glacadh an Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail i mí na Nollag. Bainfear úsáid as an bplean comhtháite seo a bhaineann le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chun forbairt eacnamaíoch agus pobail a threorú sna sé bliana amach romhainn.

Ceadaíodh 31 deontas do chiste tacaíochta bainistíochta ionaid pobail dar luach iomlán €729,245, chomh maith le 17 deontas do chiste bonneagair pobail (€401,750), 177 deontais forbartha pobail (€263,990), deontais do thionscadail samhraidh (€77,753) agus 100 deontais spóirt (€185,052).

Tá 24 ionad pobail ag úsáid an chórais áirithinte ar líne anois agus d'úsáid an pobal é chun 89,868 uair an chloig a chur in áirithe do 114,931 rannpháirtí, lenar gineadh ioncam €758,975.

Tugadh obair chun críche chun saoráidí pobail nua a sheachadadh ag Teach Scoile Theach Sagard, i nGleann an Smóil, ag Ionad Aoisbháúil Lóiste an Úlloird agus i mBaile Gadaí, agus rinneadh oibreacha uasghrádaithe ag Teach Cúirte Ráth Cúil.

Chuaigh na pleananna ar aghaidh le haghaidh Saoráidí Pobail Iarthar na Cathrach agus Cill Chairbre, agus leanadh den obair rannpháirtíochta agus dearaidh áitiúil le haghaidh uasghráduithe ar shaoráidí pobail atá ann cheana ag an gCaisleán Nua, Baile Uí Ruáin agus Ionad na Páirce.

Cuireadh tús le hoibreacha ar an bpáirc uile-aimsire ag Ionad Pobail Belgard agus leis an obair dhearaidh ar an tSaoráid Spóirt atá beartaithe don Teampall Geal.

Leanadh le cur i bhfeidhm an Phlean Átha Cliath Theas Gníomhach trí chláir scoile a sholáthar, lena n-áirítear rámhaíocht laistigh, lúthchleasaíocht, snámh agus an 'Dúshlán Bain Triail as Ceann' in ionaid phobail agus i suíomhanna pobail, chomh maith le tacaíocht leanúnach do na gradaim sa spórt amaitéarach le Baile Átha Cliath Theas Gníomhach. I measc na mbuaicphointí eile bhí an clár leathnaithe Páirceanna Gníomhacha i mí Iúil agus i mí Lúnasa, an *Colour Dash* i bPáirc Chorcaí i mí Mheán Fómhair ar ghlac 1,500 duine páirt ann, agus saoráid ghailf diosca i bPáirc Chorcaí, an chéad chúrsa poiblí dá chineál in Éirinn.

Lean ár gcláir Éire Sláintiúil agus Sláintecare ar aghaidh faoi raon tionscnamh chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh, ar shábháilteacht phobail, lena n-áirítear an Ciste Nuálaíochta um Shábháilteacht Pobail - an Tionscadal Generation Connections in Mac Uilliam, éagothroime sláinte, feasacht maidir leis an díobháil a dhéanann cearrbhachas agus maidir leis an anás míosta. Thacaíomar freisin leis an gClár do Scoileanna *Grow it Yourself*, clár sláinte agus

folláine a bhíonn ar siúl ar fud líonra na n-ionad pobail agus scagadh sláinte pobalbhunaithe, agus chabhraíomar le clós súgartha nádúrtha nua a sholáthar i bPáirc Ráth Miontáin.

| **Forbairt Tithíochta, Shóisialta agus Pobail - Príomhstaitisticí** | **Iomláin 2024** |
|---|---:|
| Iomlán na riachtanas tithíochta a ndearnadh measúnú orthu | 7,618 |
| Leithdháiltí (tionóntachtaí nua) | 1,043 |
| Líon na dteaghlach gan dídean | 498 |
| Daoine a fuair cóiríocht | 720 |
| Tithe faoi úinéireacht an údaráis áitiúil | 10,302 |
| Tithe sóisialta agus inacmhainne atá á dtógáil | 473 |
| Tithe folmha an údaráis áitiúil | 95 |
| Tréimhse athligin ar an meán (seachtainí) | 20.64 |
| Caiteachas ar chothabháil phleanáilte | €7,783,968 |
| An líon tithe a cuireadh i gcrích faoin gClár Iarfheistithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh | 85 |
| Iarratais ar Chothabháil a fuarthas | 17,423 |
| Iarratais ar Chothabháil a cuireadh i gcrích | 12,243 |
| Tionóntachtaí HAP/ RAS | 5,254 |
| Cigireachtaí ar theagmhais ar cíos príobháideach | 4,772 |
| Deontais phobail a íocadh | 477 |
| Cuairteoirí ar áiseanna fóillíochta | 683,415 |
| Rannpháirtíocht i dtionscnaimh spóirt agus pobail faoi stiúir na comhairle | 124,057 |

## An comhshaol, uisce agus athrú aeráide

**Contae ísealcharbóin inbhuanaithe agus athléimneach ó thaobh na haeráide a chruthú**

Ceadaíodh Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP) nua do 2024-2029 i mí Feabhra, ina leagtar amach na bearta maolaithe, oiriúnaithe agus beartaithe eile um ghníomhú ar son na haeráide chun contae ísealcharbóin inbhuanaithe agus athléimneach ó thaobh na haeráide a chruthú. Leis an ngéarchéim fuinnimh atá fós ar siúl agus leis na himeachtaí aimsire a bhaineann leis an aeráid, leagtar tuilleadh béime ar thábhacht na gceithre phríomhsprioc inár bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus ár gcuspóirí chun ár n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, dramhaíl fuinnimh a laghdú, agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a ghearradh. Trí dhíriú ar chórais athléimneacha a fhorbairt a chuirfidh an poitéinseal d'imeachtaí athraithe aeráide sa todhchaí san áireamh, cothófar iontaofacht ár seirbhísí agus muinín astu. Leis an gcur chuige réamhghníomhach sin, chomh maith le rannpháirtíocht na saoránach agus feasacht oideachais, déanfar pobail a chumhachtú agus a spreagadh chun gníomhú ar an leibhéal áitiúil. Tugann na 129 gníomh inár CAP aghaidh ar cheithre phríomhsprioc, faoi chuimsiú an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 agus an Phlean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide:

Feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh CCÁCT faoi 2030.

Laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) CCÁCT faoi 2030.

Réigiún aeráidseasmhach a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath Theas, trí thionchair imeachtaí a bhaineann leis an athrú aeráide a laghdú amach anseo; agus

Teagmháil ghníomhach a dhéanamh lenár bpobail agus iad a chur ar an eolas maidir le gníomhú ar son na haeráide.

Maidir leo sin, i measc na bpríomh-bhuaicphointí in 2024 bhí:

Feabhas measta 45.5% ar éifeachtúlacht fuinnimh in 2024 i gcomparáid leis an mbonnlíne.

Laghdú measta 43% ar mhéid iomlán na n-astaíochtaí GCT (Leictreachas + Díreach) i gcomparáid leis an mbonnlíne.

Cuireadh tús le Plean Forfheidhmithe Chrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin agus reáchtáladh roinnt mhaith gníomhaíochtaí rannpháirtíochta páirtithe leasmhara chun fís an phobail a fhorbairt don Chrios Dícharbónaithe.

Thacaigh Ciste an Phobail um Ghníomhú ar son na hAeráide le punann de 28 tionscadal le ciste iomlán os cionn €1.1 milliún do thionscadail phobail áitiúla um ghníomhú ar son na haeráide, agus tugadh tacaíocht do 12 Phobail Fuinnimh Inbhuanaithe chun oibriú i ndlúthchomhar leis an Meantóir SEC áitiúil.

Fuarthas cead pleanála chun Stáisiún Cumhachta Fótavoltach Gréine 200kW a fhorbairt chun fuinneamh in-athnuaite a sholáthar d'oibríochtaí ar an láthair ag Líonadh Talún Bhaile Artúir,

agus tá staidéar indéantachta ar bun maidir le stáisiún cumhachta fótavoltach gréine níos mó 20 MW a shuiteáil.

Tugadh conradh do ePower chun bonneagar poiblí de stáisiúin luchtaithe feithiclí leictreacha a chur ar fáil ag 14 láthair ar dtús

Tugadh isteach córas bainistíochta flít nua; cuireadh Ola Glasraí arna Chóireáil le Hidrigin (HVO), breosla díosail in-athnuaite a fhaightear ó olaí, saillte nó bealaí, in áit díosail i 21 feithicil agus cuireadh trí fheithicil leictreacha nua lenár bhflít.

Bronnadh Marc Taistil Chliste Airgid an NTA orainn, rud a léirigh gealltanas maidir le meonta agus iompar atá ag athrú ó thaobh siúil, rothaíochta agus úsáid a bhaint as iompar poiblí, agus leanamar de bhealaí iompair phoiblí a éascú i gcomhar leis an ÚNI agus eagraíochtaí eile.

Leanamar ar aghaidh i dtreo chreidiúnú Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 a bhaint amach trí chóras bainistíochta fuinnimh a fhorbairt chun ár n-úsáid fuinnimh a fheabhsú, agus tá soláthar á dhéanamh le haghaidh conarthaí feidhmíochta fuinnimh le haghaidh foirgnimh mhóra atá faoi úinéireacht na Comhairle (Halla agus Leabharlann an Chontae, Amharclann an Phobail, Oifigí Cathartha Chluain Dolcáin, Ionaid Áineasa Thamhlachta agus Chluain Dolcáin).

Tá Plean Bainistíochta Móréigeandála i bhfeidhm agus déantar athbhreithniú rialta air chun rioscaí agus bagairtí nua féideartha a láimhseáil.

Tá Scéimeanna Faoisimh ó Thuilte an Teampaill Ghil agus an Phoitéil á dtógáil agus tá an obair dheartha ar bun le haghaidh Scéim Faoisimh ó Thuilte na Camóige. Tugadh faoi thionscadail eile cothabhála ginearálta agus tuilte sa Chaisleán Nua, i Ráth Cúil agus i dTeach Sagard.

Tógadh cúig Bhogach Thógtha Chomhtháite (ICWanna) agus leis sin tá an chuid seo de Thionscadal Aibhneacha Uirbeacha Bhaile Átha Cliath LIFE (DURL) curtha i gcrích. Tá na ICWanna ag feidhmiú go maith agus iad faoi bhláth leis an dúlra. Laghdaíodh truailliú ó e. coli agus ó chothaithigh amhail amóinia agus fosfar.

Leanamar de thacaíocht a thabhairt do Chlár na Scoileanna Glasa agus bhain 22 scoil bratacha glasa breise amach.

Tá 30 scairdeán uisce óil suiteáilte anois agus tá ocht gceann eile ag céim na pleanála. Tá 216,060 lítear uisce dáilte go dtí seo.

Rinne Scéim Téimh Ceantair Thamhlachta (TDHS) teas ísealcharbóin a sheachadadh do chustaiméirí reatha agus bunaíodh ceangail nua do Work IQ agus do 133 árasán ar cíos de réir costais ag Ceantar Nuálaíochta. Cuirfear laghdú 1,500 tona ar astaíochtaí CO2 leis an scéim, nuair a bheidh an chéad chéim i bhfeidhm go hiomlán. Tabharfar ceangal breise do Choláiste Lónadóireachta TUD Thamhlachta chun críche i R1 2025 agus bhí oibreacha ar bun chun an líonra a leathnú amach go dtí Baile an Chócaigh nuair a leagadh píobáin i síneadh Bhóthar Airton ionas go seasfaidh ceangail an aimsir sa cheantar fáis tábhachtach seo. Roghnaíodh TDHS

chun maoiniú Rodeo AE a fháil le linn 2024 chun cuidiú leis an gcéad chéim eile den leathnú amach.

**Feabhas a chur ar chuma aeistéitiúil ár gcontae ar mhaithe lena fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta**

Leanamar de ghníomhartha sa Phlean Bainistíochta Bruscair 2023-2025 a chur i bhfeidhm.

Faoinár gClár Glantacháin Sráideanna, glanadh 11,162 km de bhóithre agus bailíodh 11,034 tona dramhaíola. Méadaíodh raon feidhme an chláir um scuabadh bóithre chun glanadh cúl-lánaí agus scuabadh raonta rothar leithscartha a chur san áireamh.

Tugadh 62 tionscadal chun críche faoinár gclár oibreacha feabhsúcháin don réimse poiblí.

Ceapadh sainchomhairleoirí chun dearaí a thabhairt chun cinn d'ailíniú bóithre sa chéad chéim eile den N81 agus na hacomhail ann (Straitéis Thamhlachta-Láir an N81) agus tá feabhsúcháin tírdhreacha le corprú i seachadadh athailíniú an bhóthair.

Faoin gClár Cothabhála Crann reatha trí bliana, rinneadh suirbhéireacht ar 9,475 crann, rinneadh prúnáil ar 10,927 crann, baineadh 1,144 crann agus 625 stumpa, agus cuireadh 3,651 crann.

Tugadh tacaíocht do naoi ngrúpa Bailte Slachtmhara le trí bhabhta de mhaoiniú deontais, agus tugadh tacaíocht don tionscadal PURE (Timpeallachtaí Ardtailte agus Tuaithe a Chosaint) chomh maith. D'eagraigh grúpaí Bailte Slachtmhara, cumainn áitritheoirí agus oibrithe deonacha eile glantacháin áitiúla rialta agus bhí thart ar 5,700 imeacht glantacháin ann, agus eisíodh 400 mála bleibíní agus 175 pas Conláiste Cathartha le haghaidh Oíche Shamhna.

Áiríodh leis an gClár Oideachais Comhshaoil 480 seisiún feasachta aeráide/comhshaoil agus cuireadh raon clár scoileanna ar fáil amhail Múiríniú don tSeachtain Éiceolaíochta do Scoileanna, Faisean Athláimhe agus comórtais. Chuidigh an Scéim Creidmheasanna Sóisialta chun 47 imeacht nua glantacháin a sholáthar, 19 tionscadal nua beag tírdhreachaithe agus 21 tionscadal nua feabhsúcháin péinteála.

Bhí soláthar sa Chlár Reiligí le haghaidh 600 láthair nua a chur le Bóthar na Bruíne agus tá conradh bronnta le haghaidh Balla nua Colmlainne a thógáil i Reilig na hEascrach.

**Tacú le líonra bonneagair ghlais ar fud an chontae chun spás comhroinnte a chur ar fáil le haghaidh úsáid taitneamhachta, áineasa, cosaint bithéagsúlachta, bainistiú tuilte agus oiriúnú don athrú aeráide**

Tá ár Straitéis Bonneagair Ghlais fós á cur i bhfeidhm tríd an bPlean Forbartha Contae agus tríd an bPlean Bithéagsúlachta. I measc gníomhartha gaolmhara tá Córais Draenála Uirbí Inbhuanaithe (SuDs), an Clár Cothabhála Crann, an Clár um Thalamh Móinéir, an Clár Mion-Choillearnaí, agus cur i bhfeidhm ICWanna.

Rinneadh dul chun cinn ar sholáthar chlár caipitil an réimse phoiblí, agus forbraíodh páirceanna breise, áiseanna caitheamh aimsire agus spóirt lena n-áirítear:

Cur i gcrích an uasghrádaithe mhóir ar Pháirc Chill an Ardáin, lena n-áirítear athdhearadh na páirce agus áiseanna caitheamh aimsire nua chun cur leis na páirceanna spóirt a bhí ann cheana agus leis na cinn a ndearnadh uasghrádú orthu, agus móroibreacha feabhsúcháin ar Pháirc Ráth Miontáin lena n-áirítear bealaí isteach nua chuig an bpáirc, spás do dhéagóirí, spás aclaíochta taobh amuigh, pumpraon, clós súgartha nádúrtha, páirc do mhadraí, lúb aclaíochta cosáin, raon rothaíochta agus tírdhreachú ina bhfuil feabhsúcháin bhithéagsúlachta, mar shampla cuireadh 300 crann aibí.

Uasghrádú ar Pháirc Shruthán Bhaile an Fhaoitigh le bealaí isteach nua, conair súgartha-aclaíochta, lúb chosáin, raon rothaíochta, droichid, plandú, comharthaíocht, suíocháin, ceantair liathróide agus spásanna bithéagsúlachta; uasghrádú ar Pháirc na gCrann Glas le lúb chosáin aclaíochta nua, cur crann aibí, binsí páirce, plandú bleibíní agus bealaí isteach níos fearr do choisithe; agus spás glas ag Áirse Íle le feabhsúcháin ar theorainneacha tírdhreacha, pábháil, céimeanna a thugann rochtain ar an Áirse agus spás glas, clós Ballylusk, plandú crann agus deiseanna don fhóillíocht éighníomhach.

Oibreacha leanúnacha uasghrádaithe i bPáirc Chorcaí, lena n-áirítear ceantar an mhoil, conair choillearnaí na sióg, uasghráduithe agus méadú ar an gcarrchlós, agus treochomharthaíocht agus comharthaíocht nua.

Leanadh d'oibreacha tógála le haghaidh Ionad Idirghlúine nua Pháirc Thigh Motháin agus rinneadh dul chun cinn nach beag ar uasghráduithe ar Pháirc Ghleanntáin an Choiréil agus ar Pháirc Chuidbhricht. Cuireadh tús le hoibreacha chun áiseanna nua a chur ar fáil i bPáirc Choill Tobair i mí Dheireadh Fómhair.

Chuaigh an Clár Pailliúin trí chéim na pleanála go dtí céim na tairisceana agus leanadh d'fheabhsúcháin páirceanna imeartha le huasghráduithe ar pháirceanna imeartha i bPáirc Ghleann Álainn agus i bPáirc an Ghrífín. Cuireadh tús le hoibreacha ar pháirc imeartha féar saorga ag Cnoc Mitin, le tacaíocht ón gCiste Aitheantais Pobail.

Rinneadh comhairliúchán poiblí ar Pháirc Charbhán agus Champála Ghleann na Camóige faoin bpróiseas pleanála Chuid 8.

Críochnaíodh clós súgartha Pháirc Choillte Leamháin, suiteáladh cúirt boules pétanque i bPáirc Thigh Motháin agus soláthraíodh siúlóid chéadfach dealbhóireachta i bPáirc Chaisleán Ráth Fearnáin.

Leanadh de ghníomhartha faoin bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht i limistéir thuaithe agus uirbeacha araon trínár bPlean Pailneora, an Straitéis Bonneagair Ghlais, Cur Mion-Choillearnaí, agus Beartas Bainistíochta Crann. Síneadh an limistéar cuise bláthaithe fhada agus bláthaithe ghearr go 195 heicteár faoin bPlean Gníomhaíochta um Pailneoirí. Méadaíodh clúdach ceannbhrait na gcrann trí 3,651 crann agus cúig mhion-choillearnach a chur. (Ó 2020,

cuireadh thart ar 26,975 crann inár bpáirceanna faoin gClár um Mion-Choillearnach, rud a fheabhsaíonn an bhithéagsúlacht agus a chruthaíonn conairí fiadhúlra i spásanna glasa uirbeacha.)

Bainistíodh 446 garraí scóir, agus tá 30 garraí scóir nua á bhforbairt i bPáirc Graydon sa Chaisleán Nua.

**Riachtanais rialála, ceadúnaithe agus forfheidhmithe a bhainistiú, lena n-áirítear comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse**

Rinneadh dul chun cinn trí sheirbhísí réamhghníomhacha forfheidhmithe bruscair agus dramhaíola chun ardchaighdeáin glaineachta a bhaint amach:

Rinneadh 11,632 cigireacht faoinár bPlean Bliantúil Íoschritéir Mholta do Chigireachtaí Comhshaoil (RMCEI) 2024.

Rinneadh 1,225 patról bruscair agus 2,286 iniúchadh dramhaíola nach cinn chaighdeánacha iad. Eisíodh 347 fíneáil bruscair, tháinig 17 duine os comhair na cúirte agus rinneadh 98 cigireacht ar láithreáin dramhaíola ceadaithe.

Bailíodh 611 tona dramhaíola ó bhoscaí bruscair sráide agus bailíodh 4,724 tona dramhaíola ó dhumpáil neamhdhleathach freisin.

Cuireadh Cód Cleachtais nua i bhfeidhm chun Ceamaraí TCI/Úsáid Gléasanna Soghluaiste Taifeadta a oibriú agus tá prótacail nua á bhforbairt lena gcur i bhfeidhm.

I measc na dtionscnamh frithdhumpála bhí tarscaoileadh tochtanna a chuir 1,341 tocht ón sruth dramhaíola le hathchúrsáil - an méid is mó riamh - agus bailíodh os cionn 8.5 tona de leachtanna guaiseacha tí.

I measc na dtosaíochtaí forfheidhmithe náisiúnta bhí dramhaíl teaghlaigh agus tráchtála, tionscnaimh freagrachta táirgeora, feithiclí agus miotail ré caite, dramhaíl tógála agus scartála agus dul i ngleic le hoibreoirí dramhaíola neamhdhleathacha.

Rinneadh 171 imscrúdú ar Láithreáin Thréigthe agus dílsíodh ceithre theach ag Ardán Mhaolruain i mí Aibreáin.

Agus comhlíonadh leis an reachtaíocht um Rialú Capall agus Rialú Madraí á bhainistiú agus á fhaire, gabhadh 36 capall, agus cuireadh 441 madra sa tearmann madraí. Ón 1 Deireadh Fómhair 2024 i leith, tá sé in aghaidh an dlí madraí den chineál XL Bully a iompórtáil, a phórú, a athdhíol, nó úinéir nua a fháil dóibh. Tá 24 iarratas faighte go dtí seo agus tá 19 deimhniú díolúine eisithe.

Leanamar ag cur an Chomhaontaithe Seirbhíse i bhfeidhm le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Soláthraíodh gníomhartha an phlean seirbhíse bliantúil i seirbhísí uisce agus fuíolluisce faoin Máistir-Chomhaontú Comhair nua agus faoin gComhaontú Seirbhísí Tacaíochta i gcomhar le hUisce Éireann.

Seachadadh go rathúil clár beart 2024 le haghaidh an Phlean Bainistíochta Abhantraí.

Tá an Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn do Cheirtleán Bhaile Átha Cliath (NAP) tugtha chun críche anois do Bhabhta 4 den Treoir um Thorann Comhshaoil (END). Fuarthas 83 comhairliúchán poiblí ar an iomlán agus bhain 44 díobh le Baile Átha Cliath Theas.

Leanamar de mholtaí ó Phlean Cáilíochta Aeir Réigiún Bhaile Átha Cliath a chur chun feidhme. Níor sáraíodh Ábhar Cáithníneach atá níos lú ná 10 µm (PM10) in 2024, ag ceachtar den dá láithreán faireacháin seasta i dTamhlacht agus Leamhcán.

| **An Comhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide - Príomhstaitisticí** | **Iomláin 2024** |
|---|---:|
| Féar a gearradh (heicteáir) | 7,236 |
| Crainn a prúnáladh | 10,927 |
| Crainn a cuireadh | 3,651 |
| Buidéil phlaisteacha a sábháladh trí úsáid a bhaint as uisce ól as scairdeáin | 96,867 |
| Talamh féir bithéagsúil a ndearnadh cothabháil air (heicteáir) | 195 |
| Tionscnaimh maidir le Gníomhaithe ar son na hAeráide faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide | 129 |
| Coigilteas fuinnimh údaráis áitiúil | 45.5 |
| Seisiúin feasachta comhshaoil/gníomhaithe ar son na haeráide | 480 |
| Áiseanna caithimh aimsire nua (e.g., páirceanna spraoi, spásanna do dhéagóirí, páirceanna etc.) | 27 |
| Cásanna Truaillithe a bhí faoi réir gearáin | 2,647 |
| Cásanna Truaillithe a dúnadh | 1,610 |
| Soláthar bealaí siúlóide agus rothaíochta i bpáirceanna/spásanna oscailte (ciliméadair) | 165,031 |

## Cumas Eagraíochtúil agus Cuntasacht

**Tacú le ról beartais agus ceannaireachta na gcomhairleoirí chun rialtas áitiúil éifeachtach a chur ar fáil**

Bainistíodh an próiseas toghcháin rialtais áitiúil chun sláine, trédhearcacht agus éifeachtúlacht na dtoghchán a chinntiú de réir na reachtaíochta ábhartha. Bhí 111 iarrthóir san iomaíocht do 40 suíochán sna toghcháin agus chaith 41.4% de vótálaithe vóta ar fud an chontae.

Cuireadh “Do Vóta Do Ghuth - treoir sholéite maidir le vótáil” ar fáil ar ár gcainéil dhigiteacha agus i bhfoirm chlóite inár leabharlanna áitiúla roimh na Toghcháin Áitiúla i mí an Mheithimh, agus i measc na n-imeachtaí chun clárú chun vótáil a chur chun cinn bhí imeachtaí in TUD, i

scoileanna agus pobail áitiúla agus feachtais fógraíochta ar scáthláin bus, ar an raidió, agus sna meáin dhigiteacha agus chlóite.

Tugadh tacaíocht don Mhéara trí Oifig an Mhéara, lena n-áirítear bainistiú ar an dialann agus ar phrótacail.

Fuair 108 cruinniú den Chomhairle, den Ghrúpa Beartais Chorparáidigh, de na Coistí Limistéir, agus coistí eile den Chomhairle tacaíocht le 1,140 tuarascáil le Mír Cheannteidil curtha ar fáil, agus tugadh freagra ar 1,562 Ceist agus Rún de chuid Comhairleoirí.

Bunaíodh an Chomhairle nua tar éis na dtoghchán áitiúil agus soláthraíodh oiliúint ionduchtúcháin, trealamh agus tacaíocht leanúnach do na comhaltaí tofa chun go mbeadh siad in ann a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

Ag an gCruinniú Bliantúil a tionóladh an 21 Meitheamh, toghadh an Comhairleoir Baby Pereppadan ina Mhéara ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus toghadh an Comhairleoir Alan Hayes ina Leas-Mhéara don chéad téarma eile.

Buaicphointe obair Chácas na mBan in 2024 ab ea taispeántas Mhná Bhaile Átha Cliath Theas chun ceiliúradh a dhéanamh ar mhná spreagúla áitiúla agus a cuireadh ar an ngearrliosta do Ghradam Sármhaitheasa sa Rialtas Áitiúil.

Tar éis phróisis chomhthofa i mí Mheán Fómhair agus i mí na Nollag i ndiaidh na dtoghchán áitiúil agus an olltoghcháin faoi seach, ba í Comhairle Contae Átha Cliath Theas an chéad údarás áitiúil sa Stát inarb iad mná formhór na n-ionadaithe poiblí, le 21 bean agus 19 fear ar an gComhairle.

Glacadh Scéim nua an Choiste um Beartais Straitéiseacha (CBS) 2024-2029 i mí Mheán Fómhair tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí agus tugadh Buan-Orduithe CBS cothrom le dáta dá bharr.

Chomhaontaigh an Grúpa Beartais Chorparáidigh na cláir oibre do na CBSanna le haghaidh 2024, an straitéis don Phlean Corparáideach nua agus an straitéis le haghaidh bhuiséad 2025, agus rinne sé maoirseacht ar chláir oibre do chruinnithe na comhairle.

Leanadh d'idirchaidreamh in údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath maidir le forbairt, cur i bhfeidhm agus rialachas ar voter.ie agus maidir le comhlíonadh leis na hathruithe reachtaíochta ar an gclár toghthóirí.  Faoi dheireadh na bliana bhí 213,345 duine ar an gclár toghthóirí, méadú 9% ó 194,884 ag deireadh 2023.

**Seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar ina gcaitear le gach úsáideoir seirbhíse le dínit, urraim agus comhionannas**

Cuireadh athdhearadh na slí dála i Halla an Chontae i gcrích chun spás do rannpháirtíocht shibhialta agus imeachtaí a chruthú, agus cuireadh soláthar i gcrích freisin chun uasghrádú ar an áit oibre agus straitéis athchóirithe a fhorbairt.

Foilsíodh an Plean Gníomhaithe don Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí 2024, chomh maith le plean cur chun feidhme, agus cuireadh oiliúint ar an ngrúpa oibre chun tacú lena sheachadadh.

Tugadh freagra ar 17,312 fiosrú ó chustaiméirí agus 5,332 uiríoll ó chomhairleoirí laistigh de na sprioc-amanna a leagtar amach sa Chairt Custaiméirí, agus freagraíodh 147,460 glao gutháin freisin.

Ceapadh Oifigeach Gaeilge chun tacú le comhlíonadh na heagraíochta le forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla.

I gcomhpháirtíocht leis na trí húdarás áitiúla eile i mBaile Átha Cliath, chuireamar tús le Gaeilge365, clár nuálaíochta Gaeilge chun ardú a chur ar an líon daoine a labhraíonn Gaeilge ar bhonn laethúil i mBaile Átha Cliath. Cuireadh tús le dhá thionscnamh mhóra faoi leith: 'An Chomhairle Chraiceáilte' a dhíríonn ar ár bhfostaithe agus 'Todhchaí Geal Gaelach' do scoláirí idirbhliana.

Bunaíodh ár nGrúpa Oibre um Sholáthar Poiblí Glas, soláthraíodh oiliúint dó agus tá ullmhúchán ar bun chun critéir náisiúnta um Sholáthar Poiblí Glas a chur i bhfeidhm.

**Cultúr rialachais láidir a chothú san eagraíocht**

Glacadh an Plean Corparáideach nua 2025-2029 i mí na Nollag tar éis chomhairliúchán agus rannpháirtíocht mhór le comhairleoirí, baill foirne agus leis an bpobal. Bhí beagnach 1,000 duine rannpháirteach sna próisis chomhairliúcháin.

Rinneadh an Creat Rialachais Chorparáidigh a chur chun cinn, a bhainistiú agus a fhaire ar bhonn corparáideach lena n-áirítear an Creat um Eitic, tuairisciú ar Thabhartais Pholaitiúla do Chomhairleoirí, Clár Alt 142 um Íocaíochtaí agus Tinreamh Comhairleoirí agus Clár Alt 141 um Íocaíochtaí agus Tinreamh Comhairleoirí ar chomhlachtaí seachtracha, tuairisciú ar Nochtuithe Cosanta, Tuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta an Chóid Caiteachais Phoiblí agus comhlíonadh le ceanglais an Achta Brústocaireachta, chun a chinntiú go ndéantar gnó uile na comhairle ar bhealach trédhearcach. Rinneadh athbhreithniú ar athruithe reachtacha, agus cuireadh bearta i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú. Tá an Cód Rialachais nua d'Earnáil an Rialtais Áitiúil i bhfeidhm.

Thug an Creat um Thuairisciú Feidhmíochta Corparáidí tacaíocht ghníomhach le luachanna na cuntasachta, na trédhearcachta agus luach ar airgead freisin, trí thuarascáil mhíosúil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin lena n-áirítear táscairí feidhmíochta míosúla agus deaiseanna digiteacha, Tuarascáil Bhliantúil 2023 agus Plean Soláthair Seirbhíse 2024, agus cur i bhfeidhm

i PMDS.  Cuireadh anailís ar Tháscairí Feidhmíochta NOAC faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus scaipeadh í ar fud na heagraíochta. Rinne NOAC próiseas chun feidhmíocht a fhíorú chomh maith.

Bunaíodh an Coiste Iniúchóireachta nua agus éascaíodh ceithre chruinniú chun tacú le príomhfhreagrachtaí, lena n-áirítear breithniú ar thuarascálacha iniúchta inmheánaigh agus ar Iniúchadh Rialtais Áitiúil ar an Ráiteas Airgeadais Bliantúil.

Leis na hathruithe soláthair tugadh isteach Córas nua OGP le haghaidh ríomhthairiscintí in 2023 agus rinneadh uasghrádú leanúnach ar an gcóras le linn 2024, rud a d'fhág go raibh ar an aonad Soláthair a chinntiú gur chuir an Grúpa Stiúrtha gach uasghrádú nua in iúl don fhoireann go tráthúil.

Bronnadh 124 conradh os cionn luach €25,000 le linn na bliana.

Cuireadh an Plean Soláthair 2024-2026 i bhfeidhm lena n-áirítear cruinnithe ráithiúla den Ghrúpa Stiúrtha, cothabháil leanúnach ar an mbunachar sonraí conarthaí agus ar an bpíblíne soláthair, seiceálacha comhlíontachta agus oiliúint i soláthar agus i soláthar poiblí glas, comhairle agus faisnéise a chur ar fáil don fhoireann.

Foilsíodh an Tuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta an Chóid Caiteachais Phoiblí le haghaidh 2023 agus cuireadh faoi bhráid NOAC í.

Ceapadh Oifigeach Cosanta Sonraí trí sholáthar seirbhíse seachtrach chun idirchaidreamh a dhéanamh ar gach ní leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, lena n-áirítear freagra iomlán a thabhairt don choimisiún ar iniúchadh leanúnach ar theicneolaíocht faireachais ar mhaithe le forfheidhmiú an dlí, sáruithe sonraí a láimhseáil agus saincheisteanna leanúnacha comhlíontachta.

Tugadh freagra ar 337 iarraidh ar Shaoráil Faisnéise agus ar Rochtain ar Shonraí.

**Muinín an phobail a neartú trí chumarsáid éifeachtach agus rannpháirtíocht saoránach a sholáthar**

Rinneadh dul chun cinn ar an bhforbairt ar ár lucht cruthaitheach, ailtireacht agus straitéis bhranda, tar éis chéim fionnachtana ina ndearnadh taighde deisce agus rannpháirtíocht ghníomhach le páirtithe leasmhara áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus le saineolaithe ar bhrandáil áiteanna.

Rinne os cionn 1.6 milliún duine teagmháil linn ar na meáin shóisialta agus d'aimsigh os cionn 1.7 milliún duine faisnéis ar ár suíomhanna gréasáin.

Cuireadh tús le Cruinnithe Coiste Ceantair a chraoladh ar an ngréasán i mí Eanáir agus déantar gach cruinniú arna chraoladh ar an ngréasán a bheoshruthú ar na meáin shóisialta anois.

Rinneadh meastóireacht neamhspleách ar an tionscnamh um buiséadú rannpháirtíochta *Have Your Say*, cuireadh na moltaí i láthair agus comhaontaíodh iad lena bhforbairt/lena gcur i bhfeidhm.

Foilsíodh eagráin an tsamhraidh agus an gheimhridh de *South Dublin County Today*, nuachtlitir na Comhairle, agus dáileadh eagrán an tsamhraidh ar gach teaghlach, scoil agus gnó sa Chontae i mí an Mheithimh.

Cuireadh foilseacháin chorparáideacha faoi bhráid na Comhairle, lena n-áirítear Tuarascáil Bhliantúil 2023, Plean Soláthair Seirbhíse 2024, agus tuarascálacha agus táscairí míosúla ar an dul chun cinn. Foilsíodh iad sa chuid "Ár bhFeidhmíocht" de www.sdcc.ie.

Tacaíodh le cumarsáid leanúnach na foirne tríd an inlíon, aip na foirne, nuachtlitreacha digiteacha agus scáileáin dhigiteacha i suíomhanna oibre.

Bainistíodh ábhar ar scáileáin nua taobh amuigh ar fud champas Halla an Chontae agus le cruthú Phlás Pharthaláin.

**Cumas eagraíochtúil a fhorbairt le tacú go gníomhach chun cuspóirí an Phlean Chorparáidigh agus an chláir athchóirithe rialtais áitiúil a bhaint amach**

Thosaigh 143 ball foirne nua ag obair linn i rith na bliana agus tugadh ardú céime do 82 ball foirne. D'fhág 69 duine chun dul i mbun deiseanna nua agus chuaigh 44 ar scor. Reáchtálamar 67 comórtas earcaíochta thar 161 lá (beagnach 65% de na laethanta oibre go léir a bhí ar fáil). Faoi mhí na Samhna, próiseáladh 1,980 foirm iarratais agus cuireadh agallamh ar thart ar 815 iarrthóir. Bainistíodh earcú 93 céimí sa Clár Céimithe LGMA i réigiún Bhaile Átha Cliath agus thosaigh 11 céimí as seacht réimse scileanna ag obair i CCÁCT.

Cuireadh tús le pleanáil straitéiseach don lucht saothair agus beidh sé sin ag teacht go hiomlán lenár bPlean Corparáideach nua. Leis an mbainistiú réamhghníomhach sin ar an lucht saothair atá againn faoi láthair agus a bheidh againn amach anseo, beimid in ann dúshláin straitéiseacha a chomhlíonadh agus lucht saothair dea-struchtúrtha ar mhéid iomchuí a choinneáil ar bun a mbeidh d'acmhainn aige freastal go héifeachtach ar riachtanais a bhíonn ag athrú.

Leanamar de chaidrimh níos láidre a fhorbairt le hinstitiúidí tríú leibhéal, amhail UCD agus TUD Thamhlachta; d'éascaíomar naoi socrúchán intéirneachta san OFÁ, i TFC agus i bPleanáil, agus tháinig dhá shocrúchán 12 mhí le pá do chéimithe faoi mhíchumas as ár gcomhpháirtíocht le AHEAD chun an clár WAM a sholáthar.

D'éirigh leis an earcaíocht rollach a rinneadh ar bhonn trialach chun Oifigigh Chléireachais a earcú i dtréimhse ama níos giorra agus fostaíodh 38 scoláirí ar chonarthaí 10 seachtaine sa samhradh.

Tugadh ár gClár Ionduchtúcháin d'Fhostaithe chun fáilte a chur roimh fhostaithe nua cothrom le dáta chun oiliúint i gcibearshlándáil a chur san áireamh.

Forbraíodh clár Oiliúna d'Oibrithe Ginearálta agus cuireadh i bhfeidhm é. Chuir naoi nOibrí Ginearálta an clár i gcrích.

Foilsíodh ár dTuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní 2024 i mí na Nollag agus léiríodh go bhfuil meán-thuillimh na mban uile sa Chomhairle 9.77% níos airde ná meántuillimh na bhfear uile.

Leanamar dár Straitéis Nuálaíochta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear imeachtaí a eagrú agus a chur ar bun don 6ú Seachtain Bhliantúil Nuálaíochta agus do na Gradaim Nuálaíochta Foirne.

Rinneadh athbhreithnithe anailíse ar oiliúint i mbainistíocht feidhmíochta agus ar riachtanais oiliúna le baill foirne a oibríonn taobh amuigh agus le bainisteoirí líne i ngach iosta. Tugadh tacaíocht do bhainisteoirí freisin chun saoire bhreoiteachta agus asláithreacht a bhainistiú trí anailísíocht sonraí AD fheabhsaithe, tacaíocht chomhairleach, bileoga amhairc agus bearta eile.

Eagraíodh sceideal cuimsitheach imeachtaí oiliúna agus forbartha foirne, lena n-áirítear 226 cúrsa oiliúna, cláir meantóireachta agus cóitseála, iarrataí ar oiliúint sheachtrach, freastal ar chomhdhálacha agus an Scéim Cúnaimh le haghaidh cúrsaí foirmiúla oideachais.

Sheol ár bhfoireann Forbartha Eagraíochtúla nua Clár For-rochtana do Meánscoileanna chun CCÁCT a chur chun cinn mar rogha fostóra do scoláirí sa tsraith shinsearach. Rinneadh cumarsáid le deich scoil DEIS ar dtús agus déanfar breis forbartha ar an gclár in 2025.

Leanadh de thosaíocht a thabhairt do nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta, tionóladh cruinnithe comhairliúcháin ráithiúla faoi shábháilteacht agus rinneadh 390 cigireacht ar fud na réimsí gnó. Fuair an fhoireann bainistíochta tuarascálacha démhíosúla ón Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta ar na teagmhais a tuairiscíodh agus rinne maoirseacht iomlán ar an gcóras bainistíochta sábháilteachta.

Leanadh d'imeachtaí a chur ar fáil faoi Phlean Gníomhaíochta Folláine na Foirne, lena n-áirítear Lá Folláine san Áit Oibre, mí na Feasachta maidir le hAilse Chíche, Cláir Foirne um Scor den Tobac, Seimineár Sábháilteachta agus Folláine, scrúduithe sláinte d'fhostaithe agus an clár vacsaínithe in aghaidh an fhliú.

Seoladh Straitéis nua Folláine na Foirne i mí na Samhna inar leagadh amach ár bhfís agus ár n-aidhmeanna d'fholláine na foirne go dtí 2027. Tugadh isteach Clár Seaimpíní na Folláine chun tacú le Straitéis Folláine na Foirne. Tá 14 fostaithe ina seaimpíní deonacha a éisteann le comhghleacaithe ar bhealach neamhbhreithiúnach ar an leibhéal áitiúil, a chuireann féinchúram chun cinn, a thugann tacaíocht mhothúchánach, a ardaíonn feasacht ar an iliomad tionscnamh agus gníomhaíochtaí faoi shláinte agus folláine agus a chuireann chun cinn iad.

Cuirtear seirbhís 24/7/365 ar fáil lenár gClár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP), arna sholáthar ag Spectrum Life. Is é atá i gceist leis ná comhairleoireacht agus tacaíocht faoi rún do bhaill foirne agus comhairleoirí a mbeadh deacrachtaí acu, agus tá an clár le fáil ag daoine den neasteaghlach freisin.

Tugadh tacaíocht do struchtúir le haghaidh idirchaidreamh éifeachtach leis an mbainistíocht agus le ceardchumainn i gcomhréir le cuspóirí na gComhaontuithe Cobhsaíochta don tSeirbhís Phoiblí trí chruinnithe míosúla, cruinnithe maidir le pleanáil lucht oibre gach ráithe agus freastal ag an WRC agus ag an gCúirt Oibreachais tar éis triail a bhaint as na sásraí áitiúla comhaontaithe go léir.

D'éirigh le hoibríochtaí aoisliúntais aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte MyPay.

**Córais láidre bainistíochta airgeadais agus bainistíochta riosca a chur ar fáil**

Leanadh d'obair ár nAonaid Bainistíochta Fiachais mar seo a leanas: bailíodh €4.5 milliún breise i rátaí tráchtála rud a d'fhág gur bailíodh os cionn €145.7 milliún ar an iomlán, an méid is airde a bailíodh riamh agus rud a chuir laghdú os cionn milliúin ar riaráistí, go dtí thart ar €13.6 milliún, an méid is ísle ó bhí 2008 ann.

Chuireamar méadú 12% ar bhailiú cíosanna difreálacha - bailíodh €34.9 milliún agus leanadh den ráta bailithe iasachtaí tithíochta a fheabhsú - laghdaíodh riaráistí iasachta ó €0.8m go dtí €0.3m.

Tar éis don rannán Riarachán Rátaí oibriú go dearfach le Tailte Éireann (an Oifig Luachála roimhe seo), próiseáladh 109 luacháil, rud a sholáthróidh maoiniú breise leanúnach amach anseo.

Phróiseálamar 5,178 deontas don Chostas Méadaithe Gnó dar luach os cionn 13.6m chun tacú le gnólachtaí beaga agus meánmhéide, agus chuireamar tús le próiseáil an deontais nua, Cumhachtú (PUG), faoi dheireadh na bliana.

I mí na Samhna, ghlac an Chomhairle an Buiséad Ioncaim le haghaidh 2025 arbh fhiú €391,942,200 de chaiteachas beartaithe é, sin méadú 17.5% ar an mbliain roimhe.

Cuireadh Clár Caipitil Trí Bliana nua do 2025-2027 faoi bhráid na Comhairle i mí na Nollag, inar moladh infheistíocht €1,746,733,00 i dtithíocht, bonneagar agus saoráidí.

Ullmhaíodh Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2023 faoin spriocdháta a éilíodh, an 31 Márta 2024 agus cuireadh na cuntais iniúchta agus an tuarascáil iniúchta faoi bhráid na Comhairle agus an Choiste Iniúchóireachta ina dhiaidh sin.

B'ionann íocaíochtaí a rinneamar le soláthróirí don bhliain agus €380 milliún, méadú bliantúil 34%.

Cuireadh raon oiliúna ar fáil don fhoireann ar fud na heagraíochta chun feabhas a chur ar bhainistíocht airgeadais agus tuiscint ar airgeadas.

**An úsáid a bhainimid as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a thabhairt chun cinn trí thionscnaimh shlána, nua-aimseartha agus chliste lena n-éascaítear eispéiris agus torthaí níos fearr i soláthar seirbhísí**

Leanamar d'oibríochtaí straitéiseacha a dhéanamh agus muid ag díriú ar thacú le cianobair, uasghráduithe ar bhonneagar agus feabhsúcháin ar shlándáil, lena n-áirítear faireachán leanúnach a dhéanamh, saincheisteanna slándála a réiteach, sioncronú le córais bainistíochta teagmhas agus imeachtaí slándála, tástálacha treáite inmheánacha agus teorainneacha, agus measúnuithe faoi ullmhacht do bhogearraí éirice.

Rinneamar freastalaithe as dáta a dhíchoimisiúnú, uasghrádú ar rialaitheoirí fearainn, córais bainistithe gléasanna a bharrfheabhsú, timpeallachtaí fíorúlaithe a fheabhsú, agus d'aistríomar chuig réitigh stórála nua agus cóipeanna cúltaca néalbhunaithe a ghníomhachtú ag an am céanna, d'aistríomar cóipeanna cúltaca bunachair sonraí chuig réiteach nua, rinneamar tástáil ar réitigh chúltaca néalfhorbartha agus chuireamar i bhfeidhm iad.

Foilsíodh tairiscint le haghaidh bogearraí dearaidh agus sheolamar córais faisnéise geografaí phoiblí agus inmheánacha, thugamar tacaíocht don tionscadal DURL agus bhainistíomar rioscaí RGCS sa timpeallacht córais faisnéise geografaí.

D'athraíomar uirlisí cian-tacaíochta, d'aistríomar ó chórais ghutháin thraidisiúnta go dtí córais ghutháin bunaithe ar an idirlíon, agus bhaineamar cearta riarthóirí ó ríomhairí glúine/pearsanta na foirne.

Chuireamar feabhas ar an gcóras deisce cabhrach agus thugamar tacaíocht do thionscadail phoiblí éagsúla. Thugamar ár gcóras faireacháin tionscadal chun cinn agus chuireamar tús le tionscadal rialachais ar anailísíocht sonraí ar fud na heagraíochta.

Rinneamar suirbhéanna ar thithíocht, leanamar den aistriú chuig leaganacha nua de bhunachair sonraí, rinneamar bunachair sonraí níos sine a dhíchoimisiúnú, agus rinneamar uasghrádú ar ghléasanna na foirne chuig córas oibriúcháin nua.

Chuireamar tús le tionscadal chun orduithe CE a athsholáthar, thugamar tacaíocht don tionscnamh comhphíolótach agus chuireamar tacaíocht ar fáil do bhainistiú móréigeandálaí agus do lárionaid chomhordaithe áitiúla.

| **Cumas eagraíochtúil agus Cuntasacht - Príomhstaitisticí** | **Iomláin 2024** |
|---|---:|
| Fiosruithe ó chustaiméirí a dúnadh laistigh den sprioc-am | 17,312 |
| Líon uiríll na gcomhaltaí a dúnadh laistigh den sprioc-am | 5,332 |
| An líon Iarrataí ar Shaoráil Faisnéise/ar Rochtain ar Shonraí ar tugadh freagra orthu | 337 |

| | |
|---|---|
| An líon Saoránach a bhí rannpháirteach go gníomhach i gcomhairliúcháin na Comhairle (lena n-áirítear an tairseach chomhairliúcháin, suirbhéanna saoránach agus vótaí um buiséadú rannpháirtíochta) | 3,094 |
| Glaonna teileafóin a freagraíodh | 147,460 |
| Rannpháirtíocht sna Meáin Shóisialta | 1,649,582 |
| Leathanaigh ghréasáin a osclaíodh | 1,713,463 |
| Leantóirí ar na meáin shóisialta | 158,719 |
| Daoine ar chlár na dtoghthóirí | 213,345 |
| Cúrsaí foghlama agus forbartha na foirne | 226 |
| Caiteachas TF iomlán | €6,769,982 |
| Soláthar - an líon conarthaí os cionn €25,000 a bronnadh | 124 |

# Aguisíní

## Aguisín 1.1 Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais (SIFC)

**Intreoir**

Táimse, Colm Ward, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle Contae Átha Cliath Theas freagrach as an ráiteas airgeadais bliantúil, arna ullmhú ag an Stiúrthóir Airgeadais, i gcomhréir leis an gcód cleachtais cuntasaíochta arna eisiúint ag an Aire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Deimhním leis seo go bhfuil ráitis airgeadais Chomhairle Contae Átha Cliath Theas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2024, ag teacht leis na leabhair chuntais agus gur ullmhaíodh iad i gcomhréir le ceanglais chuntasaíochta an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil faoi réir iniúchta sheachtraigh, a dhéanann iniúchóir den tSeirbhís Iniúchta Rialtais Áitiúil, arb é is aidhm dó teacht ar thuairim neamhspleách maidir leis na cuntais agus a lua cibé a chuireann an ráiteas airgeadais bliantúil staid airgeadais an údaráis áitiúil i láthair ar bhealach cothrom agus a ioncam agus a chaiteachas don tréimhse i gceist, agus cibé a chloíonn idirbhearta an chomhlachta a bhfuil iniúchadh déanta air leis an údarú reachtúil nó eile faoina meastar iad a bheith déanta.

Tugtar tuairisc sa Ráiteas ar ghníomhaíocht Chomhairle Contae Átha Cliath Theas ó lá go lá agus é sin i bhfoirm an Ráitis maidir le hIoncam agus Caiteachas Cuimsitheach, arna achoimriú de réir Rannáin. Tugtar cuntas sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais ar staid airgeadais fhoriomlán Chomhairle Contae Átha Cliath Theas amhail an 31 Nollaig 2024.

Léirítear sa *Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach* an caiteachas agus an t-ioncam ar ghnáth-reáchtáil Chomhairle Contae Átha Cliath Theas.

Is iad seo a leanas na príomhfhoinsí ioncaim a bhí ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas:

| **Foinse an Ioncaim** | **Bliain Reatha** | **Bliain Roimhe** |
|---|---|---|
| Earraí agus Seirbhísí | €63,090,822 | €63,743,793 |
| Deontais agus Fóirdheontais | €134,819,148 | €95,938,862 |
| Ranníocaíochtaí Eile (mar is iomchuí) | €3,408,450 | €6,148,882 |
| Rátaí | €148,824,757 | €143,348,935 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | €11,509,642 | €6,276,017 |

Is mar seo a leanas atá an ghníomhaíocht ar ár gcuntas Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh 2024:

| | **Bliain Reatha** | **Bliain Roimhe** |
|---|---|---|
| Ioncam | €361,652,819 | €315,456,489 |
| Caiteachas | €313,476,236 | €260,195,033 |
| Aistrithe chuig Caipiteal | €48,143,346 | €55,206,355 |
| Mír Eisceachtúil | €0 | €0 |
| Barrachas (Easnamh) do | €33,237 | €55,101 |
| Coigeartú don Bhliain Roimhe | €0 | €0 |
| Cúlchiste Ioncaim Tosaigh | €12,337,595 | €12,282,494 |
| Cúlchiste Ioncaim Deiridh | €12,370,832 | €12,337,595 |

Tháinig méadú €46.2m ar an ioncam do 2024. Is féidir an méadú €38.8m ar dheontais agus fóirdheontais a lua le níos mó gníomhaíochta faoin scéim Íocaíochta agus Infhaighteachta agus faoin scéim Léasaithe. Fuaireamar €17m i ndeontais ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, a dáileadh ar ghnólachtaí áitiúla faoin scéim Chostas Méadaithe Gnó (ICOB) agus faoin Deontas nua, Cumhachtú (PUG). Tháinig méadú €3.5 ar an ioncam ó chíosanna sóisialta go dtí €34.8, agus tháinig méadú €5.5 ar chíosanna tráchtála go dtí 148.8 m. Tar éis don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta athbhreithniú a dhéanamh ar mhaoiniú bonnlíne, tháinig méadú €6.2m ar an ioncam a bhí ar fáil don chuntas Ioncaim ó Cháin Mhaoine Áitiúil go dtí €11.5m.

Tháinig méadú ar chúlchiste ioncaim deiridh na Comhairle de €12,370,832, sin barrachas €33,237 don bhliain. Léiríonn barrachais leanúnacha le roinnt blianta anuas ár dtiomantas maidir le staid airgeadais láidir a choinneáil ar bun.

Léiríonn *an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)* gníomhaíocht airgeadais iomlán na comhairle don bhliain in éineacht le figiúirí comparáideacha le blianta eile de réir mar is cuí.

Áirítear leis an ráiteas sócmhainní agus dliteanais mar seo a leanas:

- sócmhainní a tógadh/ceannaíodh le déanaí agus sócmhainní stairiúla
- obair idir lámha agus réamhscéimeanna - bóithre agus tithíocht go príomha
- féichiúnaithe fadtéarmacha - iasachtaí tithíochta
- sócmhainní reatha- lena n-áirítear stoc, féichiúnaithe, airgead tirim sa bhanc
- dliteanais reatha agus fhadtéarmacha - iasachtaí morgáiste agus iasachtaí nach morgáistí iad
- cúlchistí/iarmhéideanna éagsúla

Bhí luach €4,391,210,241 de Ghlansócmhainní ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas ag deireadh 2024 agus is mar seo a leanas atá siad:

| | **Bliain Reatha** | **Bliain Roimhe** |
|---|---|---|
| Sócmhainní Seasta | €3,631,422,426 | €3,455,636,442 |
| Oibreacha idir lámha | €272,267,506 | €205,252,370 |
| Féichiúnaithe Fadtéarmacha | €345,557,877 | €212,538,294 |
| Sócmhainní Reatha | €639,069,211 | €613,470,962 |
| Dliteanais Reatha | €88,185,772 | €94,020,886 |
| Glansócmhainní Reatha / (Dliteanais) | €550,883,439 | €519,450,076 |
| Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná 1 bhliain amháin) | €408,921,007 | €273,860,703 |
| Glansócmhainní/(Dliteanais) | €4,391,210,241 | €4,119,016,479 |

Tugadh isteach *Ráiteas maidir le Sreabhadh Cistí* mar chuid de Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2011. Cé gur leanadh an treoir maidir le Ráiteas Sreafaí Airgid Chaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 7, tá gnó na n-údarás áitiúil an-difriúil ó fhormhór eagraíochtaí na hearnála príobháidí agus dá bhrí sin comhaontaíodh roinnt mionathruithe a dhéanamh ar an bhformáid chun a chinntiú go bhfuil na sonraí a thaispeántar ciallmhar agus úsáideach laistigh d’earnáil an rialtais áitiúil.

**An Córas Rialuithe Inmheánacha Airgeadais**

Mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcoinníonn agus go bhfeidhmíonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais. Déantar an fhreagracht nó an cúram sin a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil do Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú cinnte a thabhairt go dtugtar cosaint do shócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go n-aimseofaí iad ar bhealach caoithiúil. Is próiseas leanúnach é an córas

rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

**An timpeallacht rialaithe airgeadais**

Mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe airgeadais ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Sannadh na freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna rialaithe nach beag a thuairisciú agus chun a chinntiú go dtógtar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann agus déanann sé athbhreithniú mar chuid dá chlár oibre ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Doiciméadaíodh na nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó.
- Tá córais ann chun na sócmhainní a chosaint.

**Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta**

Mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- Gur doiciméadaíodh na nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó.
- Gur ann do chórais arb é is aidhm dóibh slándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Gur ann do chórais chun sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint.
- Gur ann do threoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí agus go bhfuil disciplíní bainistíochta tionscadal foirmiúla i bhfeidhm.

**Comhlíonadh soláthair**

Cinntíonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas go ndírítear ar bhealach iomchuí agus leanúnach ar dhea-chleachtas maidir le tairiscintí agus ceannach a dhéanamh agus go bhfuil nósanna imeachta ann chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte soláthair ábhartha uile.

**Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta**

Mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, is féidir liom a dheimhniú go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas le lucht pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn i gcomhréir le cairt scríofa. Faigheann a cuid oibre treoir trí anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil Comhairle Contae Átha Cliath Theas nochta agus bíonn a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla bunaithe ar an anailís sin. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go leantar suas tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil Coiste Iniúchóireachta éifeachtach ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas a dhéanann athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht a gcuid gníomhaíochtaí. Is féidir liom a dheimhniú freisin go bhfuil an Coiste Iniúchóireachta i bhfeidhm i gcomhréir le ceanglais Alt 122 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú).

Is iad seo a leanas na feidhmeanna reachtúla atá ag coistí iniúchóireachta mar a leagtar amach in ailt 59 agus 60 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014:

i. athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais tuairiscithe airgeadais agus buiséadacha agus ar nósanna imeachta laistigh den údarás áitiúil a bhunaigh iad.
ii. forbairt an dea-chleachtais i bhfeidhmíocht an údaráis áitiúil ar a fheidhm iniúchta inmheánaigh a chothú.
iii. athbhreithniú a dhéanamh ar aon ráiteas airgeadais iniúchta, ar thuairisc an iniúchóra nó ar thuairisc speisialta iniúchóra i dtaca leis an údarás áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar aon ghníomhaíochtaí a ghlacann a phríomhfheidhmeannach laistigh den údarás sin mar fhreagra ar ráiteas nó tuairisc den sórt sin agus tuairisc a thabhairt don údarás sin maidir lena thorthaí.
iv. measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead maidir le feidhmiú fheidhmeanna an údaráis áitiúil agus na rudaí sin a chur chun cinn; agus
v. athbhreithniú a dhéanamh ar na córais atá á bhfeidhmiú ag an údarás áitiúil chun rioscaí a bhainistiú.

Aithním go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gcoiste iniúchóireachta i gcreat rialachais na n-údarás áitiúil, go háirithe i gcomhthéacs chuntasacht mhéadaithe na hearnála poiblí. Tá ról neamhspleách acu ó thaobh comhairle a chur ar an gComhairle maidir le próisis tuairiscithe airgeadais, an rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus nithe iniúchta mar chuid den

athbhreithniú córasach ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais an údaráis áitiúil.

Admhaím ról an Choiste Iniúchóireachta sa phróiseas bainistíochta riosca agus san athbhreithniú leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus sna nósanna imeachta rialachais i gComhairle Contae Átha Cliath Theas.

**An creat riosca agus rialaithe**

Chuir Comhairle Contae Átha Cliath Theas córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus iad a mhaolú, a mhéid is féidir.

Tá clár riosca chorparáidigh i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí agus ina ndéantar meastóireacht orthu agus tugtar grád dóibh de réir a méid. Déanann an Fhoireann Bainistíochta athbhreithniú ar an gclár go minic agus tugtar cothrom le dáta é. Tá clár riosca ann freisin le haghaidh gach rannáin seirbhíse agus déantar athbhreithniú agus uasdátú orthu sin go minic freisin.

Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha. Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí de na rialuithe agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí maidir le feidhmiú rialuithe d’fhoireann ar leith.

Mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

Cuirfear an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais san áireamh sa dréacht-Thuarascáil Bhliantúil a chuirfear faoi bhráid chomhaltaí na Comhairle faoin 30 Aibreán gach bliain agus ina dhiaidh sin beidh sé sa Tuarascáil Bhliantúil a fhoilseofar agus a ullmhóidh agus a ghlacfaidh an Chomhairle faoin 30 Meitheamh gach bliain.

Sínithe:

**Príomhfheidhmeannach**

Dáta: 10 Aibreán 2025

## Aguisín 1.2: Ráitis Airgeadais

### RÁITEAS MAIDIR LE hIONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2023

**RÁITEAS MAIDIR LEIS AN gCUNTAS IONCAIM agus CAITEACHAIS**

Tugtar le chéile sa Ráiteas Bliantúil Ioncaim agus Caiteachais an t-ioncam agus an caiteachas uile a bhaineann le hioncam. Taispeánann sé an barrachas/(an t-easnamh) don bhliain. Taispeántar aistrithe chuig/ó na cúlchistí ar leithligh agus ní leithdháiltear iad de réir an rannáin seirbhíse. Leithdháiltear le nóta 16 aistrithe de réir an rannáin seirbhíse san fhormáid chéanna le Tábla A de bhuiséad an Údaráis Áitiúil arna ghlacadh.

**Caiteachas de réir Rannáin**

| | Notes | Gross Expenditure 2024 € | Income 2024 € | Net Expenditure 2024 € | Net Expenditure 2023 € |
|---|---|---|---|---|---|
| Housing & Building | | 125,274,516 | 126,515,407 | (1,240,891) | (2,372,049) |
| Roads Transportation & Safety | | 34,384,529 | 7,270,209 | 27,114,320 | 25,759,469 |
| Water Services | | 12,933,165 | 8,628,422 | 4,304,743 | 3,318,538 |
| Development Management | | 40,305,992 | 26,789,968 | 13,516,025 | 10,904,469 |
| Environmental Services | | 41,293,356 | 6,038,913 | 35,254,443 | 30,873,037 |
| Recreation & Amenity | | 49,140,543 | 4,945,686 | 44,194,857 | 38,734,166 |
| Agriculture, Food and the Marine | | 1,504,612 | 513,913 | 990,699 | 1,005,798 |
| Miscellaneous Services | | 8,639,522 | 20,615,902 | (11,976,381) | (13,859,932) |
| **Total Expenditure/Income** | 15 | **313,476,236** | **201,318,420** | | |
| **Net cost of Divisions to be funded from Rates & Local Property Tax** | | | | **112,157,816** | 94,363,496 |
| Rates | | | | 148,824,757 | 143,348,935 |
| Local Property Tax | | | | 11,509,642 | 6,276,017 |
| **Surplus/(Deficit) for Year before Transfers** | 16 | | | **48,176,583** | 55,261,456 |
| **Transfers from/(to) Reserves** | 14 | | | (48,143,346) | (55,206,355) |
| **Overall Surplus/(Deficit) for Year** | | | | **33,237** | 55,101 |
| **General Reserve @ 1st January 2024** | | | | 12,337,595 | 12,282,494 |
| **General Reserve @ 31st December 2024** | | | | **12,370,832** | 12,337,595 |

# RÁITEAS MAIDIR LEIS AN STAID AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2024

## CLÁR COMHARDAITHE

| | Notes | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|---|
| **Fixed Assets** | 1 | | |
| Operational | | 2,374,981,272 | 2,212,506,785 |
| Infrastructural | | 1,140,499,441 | 1,139,173,785 |
| Community | | 27,554,621 | 15,546,375 |
| Non-Operational | | 88,387,091 | 88,409,497 |
| | | **3,631,422,426** | 3,455,636,442 |
| **Work in Progress and Preliminary Expenses** | 2 | 272,267,506 | 205,252,370 |
| **Long Term Debtors** | 3 | 345,557,877 | 212,538,294 |
| **Current Assets** | | | |
| Stocks | 4 | - | - |
| Trade Debtors & Prepayments | 5 | 142,674,583 | 97,516,251 |
| Bank Investments | | 493,170,612 | 512,070,496 |
| Cash at Bank | | 3,190,354 | 3,850,553 |
| Cash in Transit | | 33,661 | 33,661 |
| | | **639,069,211** | 613,470,962 |
| **Current Liabilities (Amounts falling due within one year)** | | | |
| Bank Overdraft | | - | - |
| Creditors & Accruals | 6 | 88,185,772 | 94,020,886 |
| Finance Leases | | - | - |
| | | **88,185,772** | 94,020,886 |
| **Net Current Assets / (Liabilities)** | | **550,883,439** | 519,450,076 |
| **Creditors (Amounts falling due after more than one year)** | | | |
| Loans Payable | 7 | 139,949,491 | 147,101,051 |
| Finance Leases | | - | - |
| Refundable deposits | 8 | 37,257,843 | 35,512,498 |
| Other | | 231,713,673 | 91,247,154 |
| | | **408,921,007** | 273,860,703 |
| **Net Assets** | | **4,391,210,241** | 4,119,016,479 |
| **Represented by** | | | |
| Capitalisation Account | 9 | 3,631,422,426 | 3,455,636,442 |
| Income WIP | 2 | 223,191,262 | 211,549,695 |
| General Revenue Reserve | | 12,370,832 | 12,337,595 |
| Other Specific Reserves | | - | - |
| Other Balances | 10 | 524,225,721 | 439,492,746 |
| **Total Reserves** | | **4,391,210,241** | 4,119,016,479 |

## RÁITEAS MAIDIR LE SREABHADH CISTÍ

| | Note | 2024 € | 2024 € |
|---|---|---|---|
| **REVENUE ACTIVITIES** | | | |
| **Net Inflow/(outflow) from operating activities** | 17 | | (50,960,209) |
| | | | |
| **CAPITAL ACTIVITIES** | | | |
| **Returns on Investment & Servicing of Finance** | | | |
| Increase/(Decrease) in Fixed Asset Capitalisation Funding | | 175,785,984 | |
| Increase/(Decrease) in WIP/Preliminary Funding | | 11,641,567 | |
| Increase/(Decrease) in Reserves Balances | 18 | 71,362,649 | |
| **Net Inflow/(Outflow) from Returns on Investment and Servicing of Finance** | | | 258,790,199 |
| | | | |
| **Capital Expenditure & Financial Investment** | | | |
| (Increase)/Decrease in Fixed Assets | | (175,785,984) | |
| (Increase)/Decrease in WIP/Preliminary Funding | | (67,015,136) | |
| (Increase)/Decrease in Other Capital Balances | 19 | 12,499,310 | |
| **Net Inflow/(Outflow) from Capital Expenditure and Financial Investment** | | | (230,301,809) |
| | | | |
| **Financing** | | | |
| Increase/(Decrease) in Loan Financing | 20 | 295,376 | |
| (Increase)/Decrease in Reserve Financing | 21 | 871,015 | |
| **Net Inflow/(Outflow) from Financing Activities** | | | 1,166,391 |
| | | | |
| **Third Party Holdings** | | | |
| Increase/(Decrease) in Refundable Deposits | | | 1,745,344 |
| | | | |
| Net Increase/(Decrease) in Cash and Cash Equivalents | 22 | | (19,560,083) |

## Aguisín 1.3 Siamsaíocht agus Costais Ghaolmhara

Ceanglaítear le hAlt 76 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 go ndéantar taifeadadh i dtuarascáil bhliantúil údaráis áitiúil ar chaiteachas agus ar mhionsonraí eile maidir le fáiltiú agus siamsaíocht a sholáthar i dtaca le:

**a.** Daoine oirirce, agus

**b.** I dtaca le himeachtaí speisialta a chur ar bun, atá ábhartha dá fheidhm.

De bhun an cheanglais sin, deimhníonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas leis seo gurbh é €2,567.60 an figiúr sin ina iomláine le haghaidh 2024.

## Aguisín 1.4 Bronntanais ar Ghlac an Chomhairle leo

Níor ghlac an t-údarás áitiúil le bronntanas ar bith in 2024.

## Aguisín 2.1 Comhaltaí Tofa

**Eanáir 2024 – Meitheamh 2024**

**Cluain Dolcáin**

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Trevor Gilligan | FF |
| An Comhairleoir Shirley O'Hara | FG |
| An Comhairleoir Kenneth Egan | FG |
| An Comhairleoir Francis Timmons | NEAMH |
| An Comhairleoir William Joseph Carey | SF |
| An Comhairleoir Laura Donaghy | Glas |
| An Comhairleoir Eoin Ó Broin | SD |

**Ráth Fearnáin – Teach Mealóg**

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Justin Sinnott | SD |
| An Comhairleoir Yvonne Collins | FF |
| An Comhairleoir Lynn McCrave | FG |
| An Comhairleoir Pamela Kearns | LO |
| An Comhairleoir Ronan McMahon | NEAMH |
| An Comhairleoir David McManus | FG |
| An Comhairleoir Mark Lynch | Glas |

**Leamhcán**

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Ed O'Brien | FF |
| An Comhairleoir Vicki Casserly | FG |
| An Comhairleoir Liona O'Toole | NEAMH |
| An Comhairleoir Paul Gogarty | NEAMH |
| An Comhairleoir Joanna Tuffy | LO |

**Baile Phámar – Cluain Dolcáin Thuaidh**

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Guss O'Connell | NEAMH |
| An Comhairleoir Derren Ó Brádaigh | SF |
| An Comhairleoir Madeleine Johansson | PBP |

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Alan Hayes | NEAMH |
| An Comhairleoir Shane Moynihan | FF |

**Teach na Giúise – Bóthar na Bruíne**

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Lyn Hagin-Meade | Glas |
| An Comhairleoir Lilian Guéret | FF |
| An Comhairleoir Brian Lawlor | FG |
| An Comhairleoir Emma Murphy | FF |
| An Comhairleoir Alan Edge | IND |

**Tamhlacht-Lár**

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Kieran Mahon | SOL |
| An Comhairleoir Charlie O'Connor | FF |
| An Comhairleoir Mick Duff | NEAMH |
| An Comhairleoir Teresa Costello | FF |
| An Comhairleoir Cathal King | SF |
| An Comhairleoir Vanessa Mulhall | Glas |

**Tamhlacht-Ó Dheas**

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Patrick Pearse Holohan | NEAMH |
| An Comhairleoir Leah Whelan | SOL |
| An Comhairleoir Dermot Richardson | SF |
| An Comhairleoir Louise Dunne | SF |
| An Comhairleoir Baby Pereppadan | FG |

## Meitheamh 2024 – Nollaig 2024

**Cluain Dolcáin**

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Trevor Gilligan | FF |
| An Comhairleoir Shirley O'Hara | FG |
| An Comhairleoir Darragh Adelaide | PBP |
| An Comhairleoir Francis Timmons | NEAMH |

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir William Joseph Carey | SF |
| An Comhairleoir Linda de Courcy | IND IRE |
| An Comhairleoir Eoin Ó Broin | SD |
| **Ráth Fearnáin – Teach Mealóg** | |
| An Comhairleoir Justin Sinnott | SD |
| An Comhairleoir Yvonne Collins | FF |
| An Comhairleoir Lynn McCrave | FG |
| An Comhairleoir Pamela Kearns | LO |
| An Comhairleoir Ronan McMahon | NEAMH |
| An Comhairleoir David McManus | FG |
| An Comhairleoir Ciarán Ahern | LAB – Tofa don 34ú Dáil an 29 Samhain |
| An Comhairleoir Paddy Cosgrave | LAB – Comhthofa ag cruinniú na Comhairle i mí na Nollag |
| **Leamhcán** | |
| An Comhairleoir Caroline Brady | FG |
| An Comhairleoir Paul Nicholas Gogarty | NEAMH – Tofa don 34ú Dáil an 29 Samhain |
| An Comhairleoir Helen Farrell | NEAMH – Comhthofa ag cruinniú na Comhairle i mí na Nollag |
| An Comhairleoir Vicki Casserly | FG |
| An Comhairleoir Liona O'Toole | NEAMH |
| An Comhairleoir Joanna Tuffy | LO |
| **Baile Phámar – Cluain Dolcáin Thuaidh** | |
| An Comhairleoir Glen Moore | NEAMH |
| An Comhairleoir Shane Moynihan | FF – Tofa don 34ú Dáil an 29 Samhain |
| An Comhairleoir Jacqueline Sheehy | FF – Comhthofa ag cruinniú na Comhairle i mí na Nollag |
| An Comhairleoir Madeleine Johansson | PBP |
| An Comhairleoir Alan Hayes | NEAMH |
| An Comhairleoir Niamh Fennell | SF |

**Teach na Giúise – Bóthar na Bruíne**

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Sarah Barnes | FG |
| An Comhairleoir Róisín Mannion | SF |
| An Comhairleoir Brian Lawlor | FG |
| An Comhairleoir Emma Murphy | FF |
| An Comhairleoir Alan Edge | IND |

**Tamhlacht-Lár**

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Britto Pereppadan | FG |
| An Comhairleoir Niamh Whelan | SF |
| An Comhairleoir Jess Spear | PBP |
| An Comhairleoir Mick Duff | NEAMH |
| An Comhairleoir Dean Donnelly | NEAMH |
| Folamh | FF |

**Tamhlacht-Ó Dheas**

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Patrick Pearse Holohan | NEAMH |
| An Comhairleoir Kay Keane | PBP |
| An Comhairleoir Dermot Richardson | NEAMH |
| An Comhairleoir Louise Dunne | SF |
| An Comhairleoir Baby Pereppadan | FG |

## Aguisín 2.2 Íocaíochtaí a Rinneadh le Comhairleoirí in 2024

**Iomláin maidir le hÍocaíochtaí Ionadaíocha**

- Íocaíochtaí Ionadaíocha €1,188,685.42
- Íocaíochtaí Míosúla €183,519.96
- Íocaíocht Ionadaíochta Áitiúil €105,644.74
- Lamháltas Iomlán Chathaoirleach an Choiste um Beartais Straitéiseacha €35,692.90
- Lamháltas an Mhéara €30,127.38
- Lamháltas an Leas-Mhéara €6025.48
- Oiliúint €19,935.30
- Comhdhálacha €3455.64
- Lamháltas Slándála €2787.87

Iomlán na gCostas a íocadh le comhaltaí maidir le freastal ar chruinnithe den Chomhairle Contae agus a Coistí €1,575,874.69

## Aguisín 2.3 Ballraíocht na Comhairle ar Choistí agus ar Chomhlachtaí Eile

**Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann**

| An Comhairleoir | Páirtí |
|---|---|
| Emma Murphy | FF |
| Shirley O'Hara | FG |
| David McManus | FG |

**Coiste na hAmharclainne Pobail**

| An Comhairleoir | Páirtí |
|---|---|
| Britto Pereppadan | FG |
| | |

**Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Áitiúil Chluain Dolcáin**

| An Comhairleoir | Páirtí |
|---|---|
| Madeleine Johansson | PBP |
| William Carey | SF |
| Eoin Ó Broin | SD |

**Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire**

| An Comhairleoir | Páirtí |
|---|---|
| Yvonne Collins | FF |
| Pamela Kearns | LO |
| Vicki Casserly | FG |
| Mick Duff | NEAMHSPLEÁCH |

**Tascfhórsa Drugaí Áitiúil Bhaile Átha Cliath 12**

| An Comhairleoir | Páirtí |
|---|---|
| Pamela Kearns | LO |

**Fóram Pobail Bhus Átha Cliath/Luas**

| An Comhairleoir | Páirtí |
|---|---|
| Mick Duff | LO |
| | |
| Kay Keane | PBP |
| Róisín Mannion | SF |

**Comhthionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre**

| An Comhairleoir | Páirtí |
|---|---|
| Jacqueline Sheehy | FF |
| Joanna Tuffy | LO |
| David McManus | FG |

**Irish Public Bodies Mutual Insurances Ltd**

| An Comhairleoir | Páirtí |
|---|---|
| Yvonne Collins | FF |

**An Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil**

| An Comhairleoir | Páirtí |
|---|---|
| | |
| Mick Duff | NEAMHSPLEÁCH |
| Jess Spears | PBP |
| William Carey | SF |
| Alan Edge | NEAMHSPLEÁCH |
| Vicki Casserly | FG |

**Comhlachas Chomhaltaí an Údaráis Áitiúil**

| An Comhairleoir | Páirtí |
|---|---|
| Brian Lawlor | FG |

**An Fóram Réigiúnach Sláinte - Baile Átha Cliath - Lár Laighean**

| An Comhairleoir | Páirtí |
|---|---|
| Sarah Barnes | FG |
| Liona O’Toole | NEAMHSPLEÁCH |
| Baby Pereppadan | FG |

| | |
|---|---|
| Joanna Tuffy | LO |
| Yvonne Collins | FF |
| Niamh Whelan | SF |

**Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Bhaile Átha Cliath Theas**

| An Comhairleoir | Páirtí |
|---|---|
| Alan Hayes | NEAMHSPLEÁCH |
| Yvonne Collins | FF |
| Sarah Barnes | FG |

**Páirtíocht Chontae Átha Cliath Theas**

| An Comhairleoir | Páirtí |
|---|---|
| Emma Murphy | FF |
| Baby Pereppadan | FG |
| Mick Duff | NEAMHSPLEÁCH |

**Tascfhórsa Drugaí Réigiúnach an Iardheiscirt**

| An Comhairleoir | Páirtí |
|---|---|
| Mick Duff | NEAMHSPLEÁCH |

**Ionad Ealaíon Pobail Thamhlachta**

| An Comhairleoir | Páirtí |
|---|---|
| Emma Murphy | FF |

**Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Thamhlachta**

| An Comhairleoir | Páirtí |
|---|---|
| Alan Edge | NEAMHSPLEÁCH |
| Mick Duff | NEAMHSPLEÁCH |
| Baby Pereppadan | FG |
| Niamh Whelan | SF |

**An Coiste Idirmheánach Údaráis Áitiúil ar Sheirbhísí Dóiteáin/Otharcharranna agus Bainistíocht Éigeandála**

| An Comhairleoir | Páirtí |
|---|---|
| Lynn McCrave | FG |
| Louise Dunne | SF |
| Paddy Cosgrave | LO |

**An Coiste Ainmniúcháin Bonneagair**

| An Comhairleoir | Páirtí |
|---|---|
| Méara - Cathaoirleach | - |
| Alan Hayes | NEAMHSPLEÁCH |
| Yvonne Collins | FF |
| Sarah Barnes | FG |

**Coiste na gComóradh**

| An Comhairleoir | Páirtí |
|---|---|
| Sarah Barnes | FG |
| William Carey | SF |
| Yvonne Collins | FF |

**Ballraíocht an Ghrúpa Stiúrtha Have Your Say 300K**

**An Life**

| An Comhairleoir | Páirtí |
|---|---|
| An Comhairleoir Y. Collins | FF |
| An Comhairleoir P. Kearns | LO |
| An Comhairleoir V. Casserly | FG |
| An Comhairleoir W. Carey | SF |
| An Comhairleoir D. Adelaide | PBP |
| An Comhairleoir M. Duff | NEAMHSPLEÁCH |
| An Comhairleoir A. Hayes | NEAMHSPLEÁCH |
| Méara | - |

## Aguisín 2.4: Oiliúint agus Comhdhálacha ar ar Fhreastail Comhairleoirí in 2024

| Ainm | Láthair | Dáta |
|---|---|---|
| Oiliúint Bhliantúil AILG | Cill Mhantáin | 14 Feabhra |
| Modúl 1 AILG | Luimneach | 27 Eanáir |
| Modúl 2 AILG | Cill Chainnigh | 21 Márta |
| Oiliúint Ionduchtúcháin AILG | An Muileann gCearr | 11 Iúil |
| Oiliúint Ionduchtúcháin AILG | Corcaigh | 13 Iúil |
| Modúl 4 AILG | Tiobraid Árann | 26 Meán Fómhair |
| Modúl 5 AILG | Sligeach | 24 Deireadh Fómhair |
| Modúl 6 AILG | Port Láirge | 16 Samhain |
| Oiliúint Earraigh LAMA | Dún na nGall | 19 agus 20 Eanáir |
| Oiliúint Fómhair LAMA | An Mhí | 17-18 Deireadh Fómhair |
| Réigiúin AIR | Luimneach | 7 agus 8 Feabhra |
| Scoil Samhraidh MacGill | Dún na nGall | 18-20 Iúil |
| Oiliúint Fómhair AILG | Muineachán | 11 agus 12 Meán Fómhair |
| Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta | Sligeach | 16-17 Deireadh Fómhair |
| Scoil Samhraidh Kennedy | Loch Garman | 30 Lúnasa |

# Aguisín 3 Táscairí an Phlean Chorparáidigh 2020 2024

| Spriocanna an Phlean Chorparáidigh | Tomhas/Táscaire | Sonraí Bonnlíne 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | Leibhéal a bhfuiltear ag súil leis in 2024 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Forbairt eacnamaíocht a, fiontair agus turasóireachta** | Líon na dtionscnamh tacaíochta gnó agus caiteachas | 35 (caiteachas €300,000) | 28 (€260,000) | 22 (€17,116) | 22 (€286,888) | 20 (€135,351) | 22 / €150,000 | 28/€280,528 |
| | Líon na bpost a cruthaíodh nó ar tacaíodh leo i bpáirc gnó Chaisleán na Gráinsí | 6,000 (lena n-áirítear tógáil), tacaíodh le 5,400 | 6150 | 5328 | 7,750 (lena n-áirítear tógáil) | 5328 | 8,000 (lena n-áirítear tógáil) | 8,000 (lena n-áirítear tógáil) |
| | Líon na ndiúscartha talún um fhorbairt eacnamaíoch | 20 | 20 | Nach bhfuil liostaithe sna Táscairí Feidhmíochta | 2 | 1 | 2 | 0 |
| | Baill ghníomhacha na leabharlainne | 47,462 | 49,835 | 29,045 | 57,000 | 60,268 | 60,000 | 60,741 |
| | Méid an spáis leabharlainne i méadair chearnacha (m2) | 5,798 | 7,712 | 7,791 | 7,872 | 7,872 | 7,872 | 7,872 |
| | Líon na bhféilte / imeachtaí turasóireachta | 11 | 2 | 2 | 7 | 7 | 8 | 13 |
| **Talamhúsáid, pleanáil agus iompar** | Tithe príobháideacha a críochnaíodh | 1,107 | 949 | 696 | 1,659 | 2,029 | 2,800 | 2,579 |
| | Cosáin nua agus uasghrádaithe in méadair chearnacha (m2) | 74,644 | 60,903 | 1,100 | 71,500 | 67,231 | 67,000 | 61,483 |
| | Líon na raonta rothar nua agus uasghrádaithe – i méadair líneacha (m2) | 7,508 | 14,000 | 14,124 | 25,540 | 22,382 | 13,500 | 22,535 |
| | Scéimeanna feabhsaithe lárionad sráidbhaile agus ceantair a tugadh chun críche | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 | 2 | 2 |
| | Líon na n-uasghráduithe soilsithe LED poiblí a tugadh chun críche | 1,736 | 2,158 | 1,561 | 1,321 | 2,012 | 1,600 | 1,690 |
| | % na gcruinnithe réamhphleanála a cuireadh ar bun laistigh d'ocht seachtaine ón iarratas | 54% | 66% | 65% | 62% | 74.5% | 75% | 69% |
| **Forbairt** | Líon na leithdháiltí tithíochta nua | 618 | 580 | 744 | 442 | 535 | 700 | 1,043 |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **tithíochta, shóisialta agus phobail** | Daoine a fuair cóiríocht | 738 | 767 | 725 | 365 | 526 | 600 | 720 |
| | Méid an chaiteachais cothabhála atá pleanáilte | €1.7 M | €476,000 | €1.57 milliún | €4.67 milliún | €7,802,954.50 | €10,000,000 | €7,783,968 |
| | Líon na gcruinnithe idirghníomhaireachta | 39 | 45 | 44 | 48 | 100 | 115 | 154 |
| | Cuairteoirí ar áiseanna fóillíochta | 593,463 | 136,345 | 210,304 | 547,570 | 667,904 | 750,000 | 683,415 |
| | Líon na rannpháirtithe i dtionscnaimh spóirt agus sláinte agus folláine faoi stiúir na Comhairle | 136,187 | 75,698 | 74,025 | 133,460 | 111,030 | 120,000 | 124,057 |

| Spriocanna an Phlean Chorparáidigh | Tomhas/Táscaire | Sonraí Bonnlíne 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | Leibhéal a bhfuiltear ag súil leis in 2024 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **An comhshaol, uisce agus athrú aeráide** | Tionscnaimh gníomhaithe aeráide faoin bplean gníomhaithe ar son na haeráide | 43 | 118 | 120 | 154 | 154 | 125 | 129 |
| | Réadmhaoin a cosnaíodh le scéimeanna um chosaint ar thuilte | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | Coigiltis Fuinnimh an údaráis áitiúil | 34.4% | 45.7% | 40.0% | 41.3% | 43.4%* | 45.5%*[1] | 46.8%*[2] |
| | Crainn a cuireadh | 1,914 | 1954 | 688 | 2303 | 751 | 3,500 | 3,651 |
| | Líon na seisiún feasachta comhshaoil / gníomhaithe ar son na haeráide | 131 | 66 | 226 | 223 | 179 | 225 | 480 |
| | Spásanna súgartha/spásanna do dhéagóirí/páirceanna imeartha nua | 15 | 12 | 11 | 12 | 21 | 16 | 27 |
| **Cumas eagraíochtúil agus cuntasacht** | Daoine ar chlár na dtoghthóirí | 194,497 | 196,496 | 195,291 | 194,007 | 194,884 | 199,000 | 213.345 |
| | Fiosruithe ó chustaiméirí a fuarthas | 78,006 | 83,578 | 83,715 | 56,490 | 38,371 | 32,083 | 27,144 |
| | Fiosruithe ó chustaiméirí a dúnadh laistigh den sprioc-am | 72,814 (93%) | 90% | 74,269 | 50,088 | 29,541 | 24,704 | 17.312 |

[1] meastachán atá san fhigiúr do 2024 bunaithe ar chonair faoileoireachta CCÁCT 2030

[2] Figiúr deiridh do 2024 le deimhniú ag SEAI i R2 2025

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uiríll na gComhaltaí (ceisteanna a tharraing Comhaltaí Tofa anuas) a fuarthas | 9,609 | | 10,233 | 9,343 | 12,258 | 12,000 | 15,553 |
| | Uiríll na gcomhaltaí a dúnadh laistigh den sprioc-am | 4,925 (51%) | | 5,580 | 5,283 | 3,934 | 11,400 | 5.332 |
| | Iarrataí ar Shaoráil Faisnéise / ar Rochtain ar Shonraí ar tugadh freagra orthu | 287 | 273 | 295 | 269 | 338 | 350 | 337 |
| | Saoránaigh a bhí rannpháirteach go gníomhach linn trínár dtairseach comhairliúcháin, suirbhé saoránach, agus na vótaí a caitheadh ar bhuiséadú rannpháirtíochta. | 6,164 | 2,469 | 9,410 | 13,219 | 2,038 | 6,660 | 3.094 |
| | Cúrsaí foghlamtha agus forbartha in aghaidh an bhaill foirne | 2.78 (meán) | 2 | 2 | 3 | 2.6 | 4 | 2.13 |

## Aguisín 4: An Fhoireann Ardbhainistíochta 2024

| | |
|---|---|
| Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (arna cheapadh i mí an Mhárta 2024) | Colm Ward |
| Stiúrthóir um Fheidhmíocht Chorparáideach agus Bainistíochta Athruithe | Lorna Maxwell |
| Stiúrthóir um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontair agus Turasóireachta | Jason Frehill |
| Stiúrthóir um Chomhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide | Teresa Walsh |
| Stiúrthóir Cúnta um Fhorbairt Tithíochta, Shóisialta agus Pobail | Elaine Leech |
| Stiúrthóir Cúnta um Thalamhúsáid, Pleanáil agus Iompar | Mick McAdam |
| Ceannasaí Airgeadais | Ronan Fitzgerald |
| Ceannasaí na gCóras Faisnéise | Tommy Kavanagh |
| Gníomhaire Dlí | Sean O’Shea |
| Ailtire an Chontae | Cian Harte |